Department of Education and Science
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

Tuarascáil Bhliantúil 2008

© Rialtas na hÉireann 2010

PRN

Saothar ealaíne le: Q Design/Print @ 01 4908201

Clár Ábhar

Ár Misean agus Ár Spriocanna 05

Réamhfhocal ón Aire 06

Ráiteas ón Rúnaí Ginearálta 07

CUID 1

Tacaíocht a thabhairt do Phobail Scoile 08

CUID 2

Breisoideachas agus Seirbhísí don Ógra 28

CUID 3

Ardoideachas agus Taighde 36

CUID 4

Seirbhísí a Fheabhsú agus a Fhorbairt 44

CUID 5

Tacaíocht a thabhairt do Sheachadadh & Fócas
a dhíriú ar Riachtanais ár gcuid Custaiméirí 54

AGUISÍNÍ

Cairt Eagair 59

Gníomhaireachtaí faoi Choimirce na Roinne 60

Ábhar maidir le hAnailís ar Thionchar Rialála 61

Ár Misean agus Ár Spriocanna

Is é misean na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ná oideachas d'ardchaighdeán a sholáthar:

- A chuirfidh ar chumas daoine a gcumas iomlán a bhaint amach agus a bheith iomlán rannpháirteach mar dhaoine sa tsochaí, agus
- A chuirfidh le forbairt shóisialta, cultúir agus eacnamaíochta na hÉireann.

Chun go gcomhlíonfar an misean sin tá na cuspóirí ardleibhéil seo a leanas ag an Roinn:

1. Tacaíocht a thabhairt do cháilíocht, d'ábharthacht agus d'uilechumsitheacht an oideachais i gcás gach foghlaimeora inár gcuid scoileanna agus cur leo
2. Cur le deiseanna ó thaobh breisoideachais agus seirbhísí ógra
3. Ardoideachas agus taighde a neartú agus a chothabháil
4. Tacú le seachadadh agus forbairt oideachais trí cheapadh beartais, trí phleanáil ar ardchaighdeán agus trí fhócas láidir ar chustaiméirí.

Chun tacú leis na cuspóirí ardleibhéil sin tá an Roinn páirteach i réimse leathan gníomhaíochtaí ag gach leibhéal den chóras oideachais, lena n-áirítear:

- Comhairle beartais ar ardchaighdeán a chur ar fáil don Aire agus don Rialtas agus mar thacú le déanamh cinntí agus cuntasacht don Oireachtas;
- Taighde, athbhreithniú, meastóireacht agus forbairt a dhéanamh ar bheartais a bhaineann le gach réimse den oideachas;
- Oideachais ar ardchaighdeán a chinntiú trí ról na Cigireachta ag an gcéad leibhéal agus ag an dara leibhéal agus trí chomhpháirtíocht le húdarais fhreagracha san ardoideachas agus sa bhreisoideachas agus san earnáil ógra;
- Comhlíonadh ar raon leathan feidhmeanna oibríochtúla, acmhainnithe agus tacaíochta maidir le maoiniú na hearnála, íocaíocht na foirne teagaisc agus neamhtheagaisc agus deontais do scoileanna agus do chomhlachtaí oideachais eile, leithroinnt na n-acmhainní teagaisc agus tacaíochtaí eile, soláthar seirbhísí síceolaíochta agus iompair scoile agus feidhmiú raon feidhmeanna a bhaineann le caidrimh fhoirne agus phearsanra;
- Infrastruchtúr oideachais a phleanáil agus a sholáthar chun tacaíocht a thabhairt d'oideachas ar ardchaighdeán a sheachadadh ag gach leibheál;
- Oideachas a fheabhsú trí chomhoibriú a dhéanamh ar bhonn Thuaidh/Theas agus trí rannpháirtíocht ghníomhach i ngníomhaíochtaí éagsúla an Aontais Eorpaigh (AE) agus i gcomhar le roinnt gníomhaireachtaí náisiúnta eile.

Réamhfhocal ón Aire

Cuirim fáilte roimh an Tuarascáil Bhliantúil seo a leagann amach an dul chun cinn a rinneadh in 2008 maidir le Ráiteas Straitéise 2008-2010 na Roinne a chur i bhfeidhm.

Ó ceapadh mé i m'Aire Oideachais agus Eolaíochta in 2008, chuir an cúlú eacnamaíochta brú suntasach ar sheachadadh scéimeanna agus seirbhísí na Roinne. Tá an córas oideachais ag dul i dtaithí agus ag freagairt do riachtanais níos leithne na sochaí agus an gheilleagair. Is léir sin i gclár substaintiúil d'athrú curaclaim ag leibhéal na bunscoile agus na hiarbhunscoile, i bhforbairt na ndeiseanna foghlama nua lasmuigh den chóras iarbhunoideachais traidisiúnta, leathnú an tríú leibhéal, fás an cheathrú leibhéal nua agus deiseanna nua d'oideachas do dhaoine fásta agus don bhreisoideachas.

Laistigh d'achar ama réasúnta gearr, rinneadh athrú suntasach chun an leasa ar dheiseanna oideachais. Rachaidh 55% de dhaoine 17-19 bliana d'aois nó 70% díobh sin a shuífidh an Ardteistiméireacht, ar aghaidh chuig coláistí triú leibhéal. Ó tharla fáil níos mó ar oideachas dara deise agus an raon leathan cúrsaí atáthar a thairiscint san earnáil PLC agus trí sholáthróirí eile, tá an rogha atá ar fáil níos mó ná bhí riamh. Tá feabhas mór tagtha chomh maith ar dheiseanna do dhaoine fásta, de bharr rochtain níos fearr ar raon leathan cúrsaí ó litearthacht bhunúsach go tríú leibhéal.

Meastar go n-ardóidh an rollú ag gach leibhéal oideachais sna chéad deich mbliana ag teacht le fás ar an daonra agus éileamh dá réir. Beidh raon tionchar ag an bhfás atá teilgthe ar uimhreacha ag gach leibhéal ar fud na hearnála sna blianta atá amach romhainn, lena n-áirítear brú breise ar chóiríocht scoile. In 2008, mar thoradh ar infheistíocht de €644m in infrastruchtúr scoileanna, críochnaíodh tionscadail scoileanna bunoideachais agus iarbhunoideachais ar scála mór agus cuireadh leis sin iomlán de 11,803 áit scoile buana breise i scoileanna nua agus áiteanna scoile buana breise agus saoráidí níos fearr i scoileanna a bhí ann cheana do 11,100 dalta breise.

Sa bhreis ar líon níos airde foghlaimeoirí, cuireann athruithe níos leithne ar leagan amach shochaí na hÉireann léargas ar fáil de na dúshláin atá roimh ár gcóras oideachais. Is sochaí an-ilghnéitheach í sochaí na hÉireann anois, ina bhfuil meascán nua teangacha, cultúr agus ionchas. Tá éilimh níos mó ar an gcóras oideachais mar fhreagairt ar riachtanais na bpobal atá ag teacht chun cinn. Ag leibheál an bhunoideachais, tá múnla nua den Scoil Náisiúnta Pobail á fhorbairt chun freastal ar an éileamh atá ann ar chineál nua d'iolracht soláthair laistigh den chreat oibre d'ionad scoile aonair. Feidhmeoidh na scoileanna nua faoi phatrúnacht an Choiste Gairmoideachais tar éis na reachtaíochta cuí a bheith rite agus cuirfear rogha nua sainiúil ar fáil i dteannta na scoileanna comhlachtaí pátrúnachta atá ann cheana féin.

Clúdaíonn an chéim phíolóta de mhúnla nua na Scoile Náisiúnta Pobail, ar cuireadh tús leis i Meán Fómhair 2008, socruithe chun aiseolas agus faisnéis a fháil ar ais chun dul chun cinn a mheas agus chun moltaí a dhéanamh d'fhorbairt an mhúnla amach anseo.

Tá súil agam go mbeidh an fhaisnéis atá sa tuarascáil seo úsáideach. Thar mo cheann féin, agus thar ceann mo chomhghleacaithe, Airí Stáit Seán Haughey T.D., Barry Andrews T.D., John Curran T.D., Conor Lenihan T.D. agus John Moloney T.D., ba mhaith liom an deis seo a thapú chun ár mbuíochas a ghlacadh le gach duine a oibríonn sa Roinn agus san earnáil oideachais i gcoitinne as a ndúthracht leanúnach chun feabhas a chur ar an oideachas ag gach leibhéal.

Batt O'Keeffe T.D.
An tAire Oideachais agus Eolaíochta

Ráiteas ón Rúnaí Ginearálta

Tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur i láthair, ag léiriú an dul chun cinn a rinneadh in 2008 i dtreo spriocanna ardleibhéil Ráiteas Straitéise 2008 – 2010 na Roinne a bhaint amach.

Agus fás suntasach ag teacht ar an éileamh atá ar sheirbhísí agus léargas eacnamaíochta atá ag éirí níos measa, is é an dúshlán atá romhainn ná na torthaí is fearr a sheachadadh d'fhoghlaimeoirí laistigh de na hacmhainní atá ar fáil. Tríd an tionchar a bhíonn ag an oideachas ar shaol an duine aonair, cabhraíonn sé linn ár luachanna mar shochaí a mhúnlú, le saorántacht mhaith a chur chun cinn agus le cur lenár gcultúr. Braitheann poist, infheistíocht agus filleadh ar fhás eacnamaíochta go mór anois ar chaighdeán ár bhfórsa saothair ar a bhfuil oideachas agus ar ár gcumas maidir le taighde agus le nuálaíocht.

Bhí sé ina thosaíocht againn i gcónaí i 2008 a chinntiú go mbeadh gach éinne rannpháirteach go héifeachtach, agus cláir againn a thug aghaidh ar an míbhuntáiste oideachasúil, agus a thacaigh le mic léinn a raibh riachtanais speisialta acu, agus bearta againn chun fónamh do mhic léinn a raibh cabhair leis an mBéarla ag teastáil uathu.

I measc na mbearta a bhí againn chun tacú agus neartú le torthaí oideachasúla ar ardchaighdeán, bhí measúnaithe ar scoileanna aonair agus measúnaithe téamacha, clár úr ceannasaíocht scoile, tosach an Tionscadail Mhata, comhaontú faoi nósanna imeachta maidir le feidhmíocht múinteoirí agus le hardú céime chuig poist freagrachta i scoileanna. Thosaigh samhail nua bunscoile go píolótach ó Mheán Fómhair 2008.

I measc na bhforbairtí chun tacú le scoileanna agus le foirne na scoileanna in 2008 bhí leathadh amach an Chórais Éileamh Ar Líne (OLCS) chuig bunscoileanna. Tá na scoileanna ar fad ag baint úsáide as an gcóras chun éilimh ar íocaíocht na múinteoirí ócáideacha agus neamh-ócáideacha agus na gCúntóirí Riachtanas Speisialta a ionchur. In 2008, tugadh isteach an dara céim den Straitéis Sláinte Ceirde. Clúdaíonn an tseirbhís seo measúnuithe sláinte réamhfhostaíochta, bainistiú neamhláithreachta breoiteachta, measúnuithe sláinte ar infheidhmeacht d'obair agus scor de bharr drochshláinte.

Mar chuid de chlár díláraithe an Rialtais, díláraíodh 88 post riaracháin a bhí bunaithe i mBaile Átha Cliath chuig Baile Átha Luain in 2008.

In 2008, glacadh le cinneadh rialtais chun Rannóg Ghnóthaí na nÓg sa Roinn a lánpháirtiú in Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Cuirfidh an t-athrú struchtúrtha seo, le héifeacht ón 1ú Eanáir 2009, deiseanna ar fáil chun freagairt chomhtháite agus chuimsitheach a chinntiú maidir le riachtanais daoine óga.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghlacadh leis an bhfoireann a bhog ón Roinn seo le Rannóg Ghnóthaí na nÓg as a ndúthracht maidir lena ndualgais agus guím gach rath orthu amach anseo.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thiomantas agus do dhianobair fhoireann na Roinne agus buíochas a ghlacadh leo as an méid a rinne siad chun ár gcuspóirí a bhaint amach in 2008.

Táim ag súil le leanúint ar aghaidh ag obair le gach duine atá páirteach in earnáil an oideachais ó thaobh seirbhísí oideachais ar ardchaighdeán a sheachadadh agus a fhorbairt.

Brigid McManus
An Rúnaí Ginearálta

Sprioc Ardleibhéil a hAon:

"Tacaíocht a thabhairt do cháilíocht, d'ábharthacht agus d'uilechumsitheacht an oideachais i gcás gach foghlaimeora inár gcuid scoileanna agus cur leo"

Cuid 01

Tacaíocht a thabhairt do Phobail Scoile

Cuid a hAon

Tacaíocht a thabhairt do Phobail Scoile

SPRIOC ARDLEIBHÉIL A HAON:

Tacaíocht a thabhairt do cháilíocht, d'ábharthacht agus d'uilechumsitheacht an oideachais i gcás gach foghlaimeora inár gcuid scoileanna agus cur leo

Comhthéacs

Tá sé éigeantach do gach leanbh idir sé bliana agus sé bliana dhéag d'aois freastal ar oideachas lánaimseartha. Cé nach gceanglaítear ar leanaí in Éirinn dul ar scoil go dtí go mbíonn siad sé bliana d'aois, tosaíonn beagnach na leanaí go léir ar scoil i mí Mheán Fómhair tar éis a gceathrú breithlá. Dá bhrí sin, cláraítear céatadán ard de leanaí atá ceithre bliana d'aois agus beagnach gach leanbh atá cúig bliana d'aois sna ranganna naíonán i mbunscoileanna.

STAITISTICÍ CLÁRAITHE NA CHÉAD LEIBHÉIL DON BHLIAIN ACADÚIL 2008/2009		
Cineál Scoile	*Líon Scoileanna*	*Clárú Iomlán*
Bunscoileanna	3,175	498,914
Scoileanna Speisialta	128	

Freastalaíonn leanaí ó thart ar 12 bliain d'aois go dtí 18 bliain d'aois ar scoil dara leibhéal. Áirítear ar scoileanna dara leibhéal, meánscoileanna, gairmscoileanna agus scoileanna pobail agus cuimsitheacha.

STAITISTICÍ CLÁRAITHE DARA LEIBHÉAL DON BHLIAIN ACADÚIL 2008/2009		
Cineál Scoile	*Líon Scoileanna*	*Clárú*
Meánscoileanna	388	184,329
Gairmscoileanna	253	103,732
Scoileanna Pobail & Cuimsitheacha	91	53,251

D'aithin an Roinn seo na tosaíochtaí seo a leanas ina Ráiteas Straitéise 2008-2010 d'oideachas bunscoile agus meánscoile:

- Ardchaighdeán, ábharthacht agus uilechuimsitheacht a chur chun cinn trí thacaíocht a thabhairt do scoileanna maidir le timpeallacht uilechuimsitheach a fhorbairt do gach foghlaimeoir
- Díriú ar idirghabhálacha chun aghaidh a thabhairt ar bhuntáiste oideachais
- Gnóthachtáil oideachais a ardú
- Freastal ar riachtanais foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- Tacaíochtaí a sholáthar do leanaí nua

- Dul chun cinn a dhéanamh ar an gclár oibre um nuachóiriú
- Feabhas a chur ar oideachas agus forbairt ghairmiúil mhúinteoirí
- Forbairt leanúnach churaclaim, meastóireacht scoile agus feabhsú caighdeáin a chur chun cinn
- Cóiríocht scoile ardchaighdeáin, tacaíochtaí cóiríochta agus airgeadais a sholáthar

CUSPÓIR 1.1:

Tionscnaimh agus freagairtí cuí bheartais a fhorbairt le bheith mar bhonn taca do bhainistíocht agus oibriú laethúil scoileanna, lena n-áirítear raon tacaíochtaí airgeadais, foirnithe agus riaracháin a sholáthar.

Tacaíochtaí Airgeadais

Ag an leibhéal bunscoile, is iad an dá phríomhfhoinse maoinithe a sholáthraíonn an Roinn do scoileanna ná deontais Chaipitíochta agus Seirbhísí Coimhdeacha.

Tá sé beartaithe go gcabhróidh maoiniú caipitíochta le costas nithe, cosúil le teas, soilsiú, glantóireacht, árachas, cothabháil ghinearálta agus áiseanna teagaisc ginearálta a bhíonn ag teastáil sna scoileanna. Íoctar deontais chaipitíochta in aghaidh an duine. Ina theannta sin, íoctar rátaí speisialta breisithe caipitíochta maidir le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a fhreastalaíonn ar scoileanna speisialta nó ranganna speisialta atá dírithe ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta áirithe acu. Ba é €178.58 in aghaidh an dalta an ráta caighdeánach deontais chaipitíochta in 2008, méadú €15 ar ráta the 2007. In 2008, bhí an caiteachas iomlán deontais chaipitíochta os cionn €95m.

Soláthraítear maoiniú Seirbhísí Coimhdeacha do bhunscoileanna chun soláthar a dhéanamh do sheirbhísí rúnaíochta agus airíochais. Tá sé i gceist leis an deontas cabhrú leis na scoileanna sin nach bhfuil cúnamh rúnaíochta ná airíochta curtha ar fáil dóibh faoi scéimeanna 1978/1979, faoina mbaineann roinnt scoileanna leas as rúnaí nó airíoch lánaimseartha agus a maoiníonn an Roinn a dtuarastal go hiomlán. Cinntear méid an deontais a íoctar le scoil aonair trí na figiúirí cláraithe. Faigheann scoileanna a bhfuil clárú suas go dtí 60 dalta iontu íosdeontas agus faigheann scoileanna a bhfuil clárú 500 dalta nó os a chionn sin iontu an t-uasdeontas. B'ionann an ráta caighdeánach deontais, le héifeacht ón 1 Eanáir 2008 agus €151.50 in aghaidh an dalta, méadú €6 ar ráta 2007. Is é an tionchar a bhí aige sin gur méadaíodh an t-íosdeontas a cuireadh i bhfeidhm in 2008 ó €8,730 go dtí €9,090 agus méadaíodh an t-uasdeontas ó €72,750 go dtí €75,750. In 2008, bhí an caiteachas Deontais Seirbhísí Coimhdeacha os cionn €70m.

Ag an Dara Leibhéal, thabhaigh an Roinn breis is €147m caiteachais in 2008 maidir le:

- Deontais a íocadh le meánscoileanna maidir le speansais reatha agus
- Soláthar costas feidhmíochta scoileanna pobail agus cuimsitheacha chomh maith le costais neamhtheagaisc.

B'ionann an deontas per capita do dhaltaí aitheanta i meánscoileanna in 2008 agus €331, ar mhéadú €15 é sin ar ráta 2007.

Ní fhaigheann scoileanna pobail agus cuimsitheacha deontais chaipitíochta, murab ionann agus meánscoileanna deonacha. Ina ionad sin, tugtar buiséad do gach scoil, tar éis próiseas idirbheartaíochta ar bhonn na meastachán a fhaightear ó na scoileanna. Bunaítear an buiséad go príomha ar líon na ndaltaí, ach glactar fachtóirí san áireamh chomh maith, lena mbaineann éagsúlacht idir scoileanna éagsúla.

Múinteoirí

Rinne an Roinn freastal ar chomhchlárú thart ar 840,000 dalta ag an gcéad leibhéal agus an dara leibhéal don bhliain acadúil a thosaigh i mí Mheán Fómhair 2008, trí os cionn 58,000 post múinteora a sholáthar.

Bhí 31,349 post múinteora ag an gcéad leibhéal ag deireadh na bliana 2008/2009. Is éard a bhí i gceist leis sin Cóimheas Dalta Múinteora 16.0:1.

Bhí 27,236 post múinteora ag an dara leibhéal don bhliain acadúil 2007/2008.

Seirbhísí Párolla agus Pinsin

Déanann an Roinn raon seirbhísí párolla a chomhordú agus a riaradh do:

- Múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta agus catagóirí áirithe foirne cléireachais agus airíochais a fhostaítear i mbunscoileanna, meánscoileanna, scoileanna pobail agus cuimsitheacha
- Baill foirne múinteoireachta agus neamh-mhúinteoireachta atá imithe ar scor agus a fostaíodh roimhe sin i mbunscoileanna, meánscoileanna, scoileanna pobail agus cuimsitheacha.

Tá ról riaracháin agus rialála ag Rannóg Pinsean na Roinne. Cuirtear seirbhísí riaracháin ar fáil do mhúinteoirí, Cúntóirí Riachtanas Speisialta agus baill foirne áirithe neamh-mhúinteoireachta i mBunscoileanna, Meánscoileanna agus scoileanna Cuimsitheacha. Clúdaíonn na seirbhísí raon ábhar pinsean agus áirítear orthu sin:

- Sochair phinsin a phróiseáil ar scor nó bás bhaill na scéime
- Meastacháin a eisiúint do cheannach seirbhíse barúlaí chun críocha pinsin
- Aistriú seirbhíse go dtí scéimeanna pinsin eile agus uathu a shocrú
- Faisnéis a sholáthar do bhaill na scéime faoina dteidlíochtaí.

Áirítear ar an ról rialála:

- Scéimeanna ábhartha aoisliúntais a leasú
- Cur le forbairt tionscnamh beartais phinsean
- Treoir agus faisnéis a bhaineann le pinsin a sholáthar do chomhlachtaí san earnáil oideachais.

In 2008, chuaigh 1,314 múinteoir ar scor, ar laghdú an-bheag é sin ar fhigiúr na bliana roimhe.

Faoi dheireadh mhí Mhárta 2008, bhí feidhmiú céimneach an Chórais Éileamh Ar Líne déanta chuig gach bunscoil. Tá na scoileanna go léir ag baint úsáide as an gcóras anois chun éilimh ar íocaíocht le múinteoirí ócáideacha agus neamhócáideacha agus cúntóirí riachtanas speisialta a ionchur. Déantar neamhláithreachtaí múinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta a thaifeadadh ar an gcóras chomh maith. Tá éifeachtúlachtaí riaracháin cruthaithe i scoileanna agus sa Roinn mar thoradh ar an gcóras seo a thabhairt isteach. Déanann sé éascaíocht chomh maith do mhúinteoirí ócáideacha agus neamhócáideacha chun íocaíocht a fháil laistigh de fhráma ama níos giorra.

In 2008, tugadh isteach socraíochtaí um íoc aiscí le daoine atá imithe ar scor, trí ríomhaistriú airgid trí na párollaí. Tá amanna próiseála laghdaithe mar thoradh ar an tionscnamh seo agus déanann sé soláthar d'fhoirm níos sláine íocaíochta do dhaoine atá imithe ar scor i gcomparáid le horduithe iníoctha.

In 2008 b'ionann caiteachas ar na párollaí a d'oibrigh Rannóg Párolla na Roinne agus €4.25bn, agus 84,000 íocaíocht á n-eisiúint gach coicís.

Iompar Scoile

In 2008, d'iompair an tSeirbhís Iompair Scoile thart ar 135,000 dalta gach lá den bhliain scoile, (75,000 dalta iarbhunscoile agus 60,000 dalta bunscoile, lena n-áirítear beagnach 8,000 dalta a raibh riachtanas speisialta acu) ag costas €185.7m. Is oibríocht an-suntasach é Iompar Scoile a chlúdaíonn os cionn 82 milliún ciliméadar ar thart ar 6,000 bealach.

Tugadh Téarmaí Tagartha athbhreithnithe, treoirlínte, nósanna imeachta oibríochta agus foirm iarratais nua don Phróiseas Neamhspleách Achomharc Iompair Scoile chun críche in 2008. D'athcheap an tAire Stáit Haughey an Bord Achomharc go foirmiúil ar feadh théarma trí bliana ag tosú an 1 Nollaig 2008. Leathnaíodh ionadaíocht ar an mBord chun ionadaíocht ar úsáideoirí seirbhíse a chur san áireamh.

CUSPÓIR 1.2:

Caighdeán na múinteoireachta agus na foghlama a chur chun cinn

Meastóireachtaí i scoileanna

Tá freagracht reachtúil ar an gCigireacht as meastóireacht a dhéanamh ar chaighdeán an tsoláthair oideachais i scoileanna agus ionaid oideachais. Tugann an tábla thíos forléargas ar ghníomhaíocht cigireachta ar tugadh fúithi in 2008.

FORLÉARGAS AR GHNÍOMHAÍOCHT CIGIREACHTA AR TUGADH FÚITHI IN 2008	
Cineál cigireachta	***2008***
Meastóireacht na scoile uile (WSE) Bunscoil	245
Meastóireacht na scoile uile (WSE) Iarbhunscoil	60
Cigireachtaí ábhair – aonair	443
Cigireachtaí ábhair – laistigh de WSE	225
Meastóireachtaí cláir	42
Promhadh múinteoirí (bunscoil)	2,639
Tuarascálacha meastóireachta ar Choláistí Gaeilge	72
Ionaid oideachais (Comhchaidreamh don Ógra (Youth Encounter), Ógtheagmháil, Ionad Oiliúna don Lucht Siúil Sinsearach, Ionad um Scolaíocht Eorpach)	17
Meastóireachtaí téamacha	41[1]
Measúnuithe oideachais in áiteanna eile seachas scoileanna aitheanta (déanta ar iarratas an Bhoird Náisiúnta um Leas Oideachais)	3
Líon cigireachtaí	**3,787**

[1] Tugadh faoi chigireachtaí i 135 scoil ar an iomlán mar chuid d'obair mheastóireachta téamaí in 2008. Astu sin, áfach, rinneadh 49 meastóireacht ar cheannaireacht i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna agus 45 meastóireacht ar soláthar Béarla mar Theanga Bhreise (EAL) i gcomhthéacs meastóireachtaí scoile uile nó cigireacht ábhair agus cuirtear san áireamh iad sa líon iomlán do na meastóireachtaí sin in ionad faoi mheastóireachtaí téamacha. Ba é seo miondealú na meastóireachtaí: 49 meastóireacht ar cheannaireacht i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna; 45 meastóireacht ar EAL i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna; 25 athbhreithniú Cúntóra Riachtanas Speisialta i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna; 6 staidéar dea-chleachtais DEIS i mbunscoileanna; agus cigireacht déanta ar 10 scoil mar chuid de staidéar téamach ar oideachas do dhaoine lagéisteachta.

I rith 2008, foilsíodh 1,099 tuarascáil cigireachta scoile ar an iomlán, lena n-áirítear roinnt ar tugadh fúthu roimh 2008, ar láithreán gréasáin na Roinne (www.education.ie). Cinntíonn foilsiú na dtuarascálacha go mbíonn rochtain ag scoileanna, tuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne ar fhaisnéis a bhfuil brí léi faoin gcáilíocht agus na caighdeáin sa chóras oideachais. Tacaíonn foilsiú agus scaipeadh thorthaí na cigireachta le soláthar comhairle ábhartha ó thaobh beartais chomh maith don chóras oideachais.

TUARASCÁLACHA A FOILSÍODH IN 2008	
WSE – Bunscoil	257
WSE – Iarbhunscoil	63
Ionaid Oideachais	23
Cigireacht ábhair/cláir laistigh de WSE	233
Cigireachtaí Ábhair/Cláir Aonair	523
Iomlán	**1,099**

Chomh maith le tuarascálacha cigireachta scoile, d'fhoilsigh an Chigireacht roinnt tuarascálacha ilchodacha agus téamacha in 2008. Bunaítear tuarascálacha ilchodacha ar anailís ar chigireacht ábhair nó sonraí eile cigireachta. Foilsíodh na tuarascálacha ilchodacha bunscoile seo a leanas in 2008; *Looking at Irish at Junior Cycle, Looking at Geography, Looking at Materials Technology (Wood) and Construction Studies, Looking at Music and Looking at Junior Cycle Science.* Léiríonn na príomhthorthaí agus moltaí sna tuarascálacha seo cáilíocht an chleachtais reatha i dteagasc gach ceann de na hábhair sin.

In 2008 d'fhoilsigh an Chigireacht *ICT in Schools.* Cuireann an tuarascáil torthaí mórmheastóireachta i láthair a raibh sé mar aidhm aici an méid a úsáidtear TFC i scoileanna a chinneadh agus measúnú a dhéanamh ar thionchar a imríonn TFC ar mhúintóireacht agus foghlaim i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna in Éirinn. Léirionn an mheastóireacht go bhfuil roinnt dúshláin mhóra ann fós, cé go bhfuil an-dul chun cinn déanta maidir le feidhmiú céimneach TFC i scoileanna.

D'fhoilsigh an Chigireacht *An Ghaeilge sa Bhunscoil* chomh maith in 2008. Leagann an tuarascáil seo amach príomhthorthaí meastóireachta a rinne an Chigireacht ar theagasc na Gaeilge i mbunscoileanna sa bhliain 2005. Tugann an tuarascáil cuntas ar an méid a chuirtear an curaclam i bhfeidhm i ngnáthscoileanna (scoileanna ina gcuirtear oideachas ar fáil trí mheán an Bhéarla). Tuairiscítear chomh maith torthaí cigirí maidir leis na caighdeáin a bhaineann le teagasc agus foghlaim na Gaeilge.

Oiliúint Tosaigh do Mhúinteoirí

Tá an Roinn freagrach as beartais agus bearta éifeachtacha a fhoirmiú agus a chur i bhfeidhm chun soláthar imleor múinteoirí bunscoile ata cáilithe agus oilte go cuí a chinntiú sa ghearrthéarma, meántéarma agus fadtéarma. Bíonn ardleibhéal cumarsáide agus idirghníomhaíochta, inter alia, leis na Coláistí Oideachais agus leis an gComhairle Múinteoireachta i gceist leis seo.

Mar fhreagairt ar an éileamh méadaithe ar mhúinteoirí ag an leibhéal bunscoile, méadaíodh líon na n-áiteanna a bhí ar fáil ar an gcúrsa iarchéime i múinteoireacht bhunscoile don bhliain acadúil 2008/2009 ó 280 go dtí 490.

B'ionann maoiniú iomlán do na Coláistí Oideachais nach dtagann faoin Údarás um Ard-Oideachas (HEA) do 2008 agus €12.26 milliún.

Tá an Roinn freagrach chomh maith as beartais a chur i bhfeidhm maidir leis an gclár dioplóma iarchéime do mhúinteoirí iarbhunscoile, a sholáthraíonn ranna oideachais Ollscoileanna rannpháirteacha.

Oiliúint Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí

Is é príomhchuspóir an chláir Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt ghairmiúil mhúinteoirí nuacháilithe trí thacaíocht chórasach a chur ar fáil le linn a gcéad bhliain mhúinteoireachta, rud a leagann bonn síos le haghaidh breis fáis agus forbartha ina dhiaidh sin. Tugadh Céim VI den Tionscadal Píolótach Náisiúnta um Ionduchtúchán Múinteoirí (NPPTI) chun críche go rathúil in 2008.

Caitheadh os cionn €680,000 ar an NPPTI in 2008, ar ghlac 644 scoil agus 678 múinteoir ar an iomlán páirt ann.

Oiliúint Inseirbhíse do Mhúinteoirí

Oibríonn an líonra Ionaid Oideachais faoi choimirce na Rannóige Oideachais do Mhúinteoirí sa Roinn agus feidhmíonn sé mar bhonneagar réigiúnach maidir le soláthar seirbhísí forbartha gairmiúla do mhúinteoirí agus seirbhísí eile tacaíochta do mhúinteoirí ag an leibhéal bunscoile agus an dara leibhéal.

Tá 21 ionad oideachais lánaimseartha agus 9 ionad páirtaimseartha ann go náisiúnta, a n-eagraítear iad i sé réigiún. Reáchtáltar cláir náisiúnta athchóirithe churaclaim sna hionaid seo agus cuireann siad seirbhísí tacaíochta agus cúrsaí ar fáil a chlúdaíonn raon mór ábhar a bhaineann le múinteoireacht agus foghlaim.

Soláthraíodh maoiniú breis €4m sna hionaid in 2008 a chuir ar gcumas 1,753 cúrsa ar an iomlán a reáchtáil I rith na bliana, ar ghlac breis is 35,000 muinteoirí páirt iontu.

Leanadh ar aghaidh leis an gClár Cúrsa Samhraidh in 2008. Is é príomhchuspóir an chláir seo scileanna oideolaíochta (straitéisí treorach, nó stíl treorach) agus bainistíochta múinteoirí a chur chun cinn i gcomhthéacs obair na bunscoile.

Reáchtáladh 548 cúrsa samhraidh in 2008 agus páirt á glacadh ag os cionn 21,000 múinteoir iontu (d'fhreastail os cionn 9,000 ar chúrsa rialta agus bhain beagnach 12,000 acu leas as cúrsa ar líne). B'ionann an maoiniú a cuireadh ar fáil do 2008 agus díreach faoi €60,000.

Soláthraíodh maoiniú €1.65 milliún don tSeirbhís Tacaíochta d'Ábhair Theicneolaíochta (T4), a reáchtáil Ionad Oideachais na Gaillimhe in 2008. Soláthraíonn T4 tacaíocht do mhúinteoirí agus scoileanna maidir leis na ceithre ábhar nua agus athbhreithnithe teicneolaíochta iarbhunscoile. D'fhreastail 2,000 múinteoir ar an oiliúint inseirbhíse go dtí seo.

In 2008, sholáthair an Roinn maoiniú os cionn €540,000 don Roinn do 496 iarrthóir rathúla ar an iomlán faoin Scéim um Aisíoc Táillí Múinteoirí. Is é cuspóir na scéime seo maoiniú a chur ar

fáil chun chostas an chúrsa agus chun na dtáillí scrúdaithe nuair a éiríonn le daoine cúrsaí forbartha inghairme atá ceadaithe ag an Roinn agus údaráis scoile a chríochnú.

Oiliúint Cheannaireachta Scoile

Ón mbliain 2003 i leith, tá leathnú déanta ag an gclár um Fhorbairt Cheannaireachta i Scoileanna ar an raon agus na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil do cheannairí scoile (LDS). D'éirigh le breis is 10,000 múinteoir, idir phríomhoidí agus bainisteoirí meánleibhéil, cláir ar mhodúl LDS a dhéanamh, cosúil le Misneach, Spreagadh, Forbairt, Tánáiste, Cumasú agus Cothú go dtí seo. Tá deiseanna d'fhorbairt ghairmiúil struchtúrtha ar fáil do gach ceannaire scoile inár gcóras oideachas ón bpointe ceapacháin go dtí an lá scoir mar thoradh ar an infheistíocht atá déanta.

Seoladh 'Tóraíocht' in 2008, ar Dioplóma iarchéime i gCeannaireacht Oideachais é a chuirtear ar fáil i gcomhpháirtíocht le NUI, Maigh Nuad. Tá sé dírithe ar mhúinteoirí a bhfuil taithí mhúinteoireachta ceithre bliana ar a laghad acu a d'fhéadfadh go mbeadh suim acu iarratas a dhéanamh ar phoist cheannaireachta sinsearaí i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna. Tá meascán léachtaí, ceardlann, ranganna teagaisc agus seisiún ar líne mar chuid den chúrsa a reáchtáltar trí sheisiúin oíche i roinnt ionad oideachais. Rinne 320 múinteoir ar an iomlán iarratas ar 160 áit.

Caitheadh beagnach €2.3 m ar chlár LDS in 2008 a rinne éascaíocht do 77 clár cónaitheach dhá lá agus 19 seimineár lae a ndearna an dá cheann acu sin freastal ar 2,845 rannpháirtí ar an iomlán.

An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta (NBSS)

Bunaíodh an NBSS in 2006 mar chuid d'fhreagairt na Roinne ar fhoilsiú an *Report of the Task Force on Student Behavior in Second Level Schools: School Matters.* Tá an tseirbhís mar chuid de chreatlach chomhleanúnach fhoriomlán náisiúnta tacaíochta do scoileanna a bhfuil deacrachtaí acu maidir le dul i ngleic le cur isteach leanúnach agus tromchúiseach ó dhaltaí. Tá cleachtóirí sainoilte ó réimsí ar fud na hearnála oideachais ar fhoireann an seirbhíse. Sholáthair an Roinn thart ar €680,000 in 2008 chun an tseirbhís seo a mhaoiniú.

Project Maths a Thabhairt Isteach do Scoileanna Píolótacha

Is tionscnamh nua ceannródaíoch um fhorbairt churaclaim é *Project Maths* i Matamataic iarbhunscoile. Déanfar forbairt incriminteach ar shiollabais athbhreithnithe i Matamataic an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta chomh maith le clár suntasach forbartha gairmiúla múinteoirí a chur ar fáil mar chuid den tionscadal, atá ar sceideal le feidhmiú ó 2008 go dtí 2013 ar a laghad. Cuirfidh an tionscadal athru siollabais i bhfeidhm i matamataic iarbhunscoile ar bhonn céimnithe. Tá tús curtha leis an tionscadal i mí Mheán Fómhair 2008 i ngrúpa 24 scoil phíolótach. Beidh taithí sa seomra ranga mar bhonn eolais don athbhreithniú siollabais agus tabharfar athruithe ar mheasúnu de réir athruithe ar shiollabais agus tacóidh siad leo.

Tá an tionscadal bunaithe ag an Roinn i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) atá i gceannas ar chur i bhfeidhm an tionscadail.

Cruthú na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil Bhunscoile (PPDS)

In 2008 tháinig an Clár Tacaíochta don Churaclam Bunscoile (PCSP) le chéile leis an tSeirbhís Pleanála um Fhorbair Scoile (SDPS). Mar thoradh air sin, tá na chéad chéimeanna glactha ó mhí Mheán Fómhair 2008 i dtreo seirbhís chomhtháite aonair um thacaíocht forbartha gairmiúla a chruthú don earnáil bhunscoile. Bheidh baint ag an PPDS go príomha le soláthar tacaíochta sainoiriúnaithe do scoileanna agus múinteoirí agus ag an am céanna leanúint ar aghaidh le cláir forbartha gairmiúla a sholáthar mar fhreagairt ar thosaíochtaí scoile.

An Clár 'Bí Aireach'

Mar thoradh ar thacaíocht a dhíriú go leanúnach ar bheagnach 1,000 scoil a chuir in iúl in 2006 nach raibh an clár seo á gcur i bhfeidhm acu go hiomlán, níl ach 266 scoil ann atá le tosú ar an oiliúint fós. Sholáthair an tseirbhís Tacaíochta don Chlár um Chosc ar Mhí-Úsáid Páistí oiliúint do bhreis is 1,250 múinteoir in 2008.

Oiliúint ar Threoirlínte um Chosaint Leanaí

In 2008 sholáthair an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil Bhunscoile agus an tseirbhís tacaíochta d'Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte oiliúint do Dhaoine Ainmnithe agus Daoine Ainmnithe Leasa Idirchaidrimh ar fáil ag an leibhéal bunscoile agus iarbhunscoile faoi seach do gach scoil.

Tacaíochtaí Breise Dara Leibhéal

Tá a thuilleadh comhdhlúthaithe déanta ag an leibhéal iarbhunscoile leis an dianchéim tacaíochta do mhúinteoirí a thabhairt chun críche i Stair, Tíreolaíocht, Eolaíocht an Teastais Shóisearaigh agus Oideachas Reiligiúnach in 2008, trí sheirbhísí tacaíochta do Stair, Tíreolaíocht, Eolaíocht an Teastais Shóisearaigh agus Oideachas Reiligiúnach a chomhtháthú don tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal.

Tacaíocht don Ghaeilge

Leathnaíodh an tionscnamh Campaí Samhraidh a fheidhmítear in Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar chuig fiche bunscoil bhanna DEIS 1 in 2008, ar mhéadú é sin ó dheich scoil sna blianta roimhe sin.

Leanúint ar aghaidh leis an tseirbhís thiomnaithe as Gaeilge do mhúinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile tríd an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil Bhunscoile agus an tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal agus leathnú ar an tseirbhís sin.

TFC a chomhtháthú mar chuid den mhúinteoireacht agus foghlaim

Deartar an **Clár um TFC i Scoileanna,** ar cuireadh tús leis i 1998, chun deis a chur ar fáil do dhaltaí chun litearthacht ríomhaireachta a ghnóthú agus chun na riachtanais a bhfuil gá leo chun páirt a ghlacadh sa tSochaí Faisnéise a fháil. Déantar iarracht straitéisí a bhaint amach trí obair Roinn Beartas TFC na Roinne agus an Ionaid Náisiúnta do Theicneolaíocht in Oideachas (NCTE), i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, seirbhísí tacaíochta agus comhlachtaí ionadaíocha de réir mar is cuí.

Is céim riachtanach chun cinn laistigh de straitéis na Roinne chun TFC a chomhtháthú sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaim é soláthar an leathanbhanda do scoileanna. Tugadh faoin g**Clár Rochtana Leathanbhanda le haghaidh Scoileanna** i gcomhpháirtíocht le tionscal. Rinne an Comhaontú leis an IBEC/TIF (Cónaidhm Theileachumarsáide agus Idirlín) soláthar do chomhchiste trí bliana €18m chun costas nascachta áitiúla na scoileanna a íoc, a gcuireann tionscal €5 milliún leis in aghaidh na bliana agus a gcuireann an Rialtas €1 milliún leis in aghaidh na bliana. Cuireadh tús le feidhmiú céimneach na nascachta leathanbhanda i mí an Mheithimh 2005 tar éis an phróisis soláthair. Tá os cionn 99% scoileanna nasctha leis an Líonra trí mheascán teicneolaíochtaí DSL, gan sreang agus satailíte. Tá nascacht scoileanna á ródú leis an Idirlíon faoin gClár trí Líonra Náisiúnta Leathanbhanda, ar fhorbair HEAnet é. Nasctar gach scoil leis an líonra trí ródaire leathanbhanda ardluais a sholáthraítear don scoil agus choimeádtar sa scoil, chomh maith le nasc rochtana leathanbhanda. Soláthraíonn an Líonra seirbhísí a bhainistítear go lárnach do scoileanna, cosúil le scagadh slándála, frith-thurscair/frith-víris agus ábhair. B'ionann costais fhoriomlána an Chláir go dtí deireadh 2008 agus €34.4m.

Sholáthair an NCTE os cionn 11,000 áit oiliúna do mhúinteoirí in 2008 trína **Thionscnamh Scileanna Múinteoireachta,** agus tá beagnach 156,000 áit glactha ón mbliain 1998. Tugann an oiliúint seo, a áiríonn cúrsaí teicniúla, cúrsaí atá dírithe ar ábhar sonrach agus cúrsaí idirlín, dearadh gréasáin agus meán digiteach, aghaidh ar riachtanais shonracha mhúinteoirí maidir leis an úsáid a bhaineann siad as TFC.

Ina theannta sin, tá tosaíocht á déanamh do ról mhúinteoir comhordúcháin TFC na scoile, le tacaíocht ó phríomhoide na scoil, mar ghné lárnach i soláthar tacaíochta agus comhairle leanúnaí TFC do mhúinteoirí. Sa chomhthéacs seo, eagraíodh chéad bhabhta seimineár in 2008 ar fud na tíre a dhírigh ar mhúinteoirí comhordúcháin TFC i scoileanna iarbhunscoile, agus tá Timpeallacht Foghlama Fíorúla (VLE) bunaithe do gach múinteoir comhordúcháin TFC a d'fhreastail orthu.

In 2008 d'fhoilsigh an Roinn tuarascáil Ghrúpa Straitéis TFC na Roinne – ***"Investing Effectively in Information and Communications Technology in Schools, 2008-2013".***

Tá fás leanúnach ag teacht ar thairseach Scoilnet – príomhphointe rochtana in oideachas na hÉireann do na daoine sin atá ag lorg acmhainní foghlama atá ábhartha don churaclam – a ndéanann an NCTE bainistíocht air, agus trácht ag ardú ó circa 1 milliún cuairt in 2006 go dtí 1.75 milliún cuairt in 2008. Tá méadú tagtha ar mhéid na n-acmhainní ó thart ar 7,600 comhad fisiciúil in 2006 go dtí an stór reatha os cionn 11,000 acmhainní múinteoireachta athbhreithnithe. In 2008 nasc Scoilnet Search leis an **Malartán Eorpach um Acmhainní Foghlama** (LRE) agus cuireann sé rochtain ar fáil anois go dtí breis is 100,000 acmhainn ó bhunachair oideachais ar fud na hEorpa.

Rinneadh Scoilnet Maps, feidhmchlár mapála idirghníomhach a bhfuil sraith iomlán léarscáileanna agus léarscáileanna ortafóta Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann mar chuid de, a fheidhmiú go céimneach in iarbhunscoileanna i mí Feabhra 2008 agus bhí os cionn 31,000 duine tar éis féachaint air faoi dheireadh na bliana. Tugann an tionscnamh seo, a thacaíonn le curaclaim Thíreolaíochta ag an dara leibhéal, spreagadh do mhúinteoirí agus daltaí, ní hamháin chun féachaint ar na léarscáileanna agus iad a chló amach ach chun a n-acmhainní curaclam-bhainteacha féin a uaslódáil agus a roinnt. Féadtar rochtain a fháil ar *Scoilnet Maps* trí thairseach *Scoilnet* do na daltaí agus na múinteoirí go léir trí Líonra Leathanbhanda na Scoileanna, rud a chuireann ar chumas múinteoirí rochtain a fháil ar an láithreán gréasáin ón mbaile.

Chomh maith leis sin, tugadh *Creat-Chomhaontú* um sholáthar Ábhair Thagartha Digitigh in 2008 chun críche, ag féachaint do sholáthar acmhainní breise ábhair le húsáid i dteagasc agus foghlaim i scoileanna, in 2009 agus ina dhiaidh sin.

Aithníonn an **Gradam Scoileanna Digiteacha,** ar sheol an tAire Oideachais agus Eolaíochta é in 2006, feabhas i gcur chuige scoileanna maidir le TFC a chomhtháthú i bhfoghlaim agus múinteoireacht. Cuireadh an Gradam sin ar fáil do gach scoil i mí Eanáir 2008 – chláraigh 79 scoil i rith na bliana chun a bheith rannpháirteach sa Ghradam agus bronnadh é ar 13 scoil, rud a thug líon iomlán na Scoileanna Digiteacha go dtí 48 in 2008. Sheol an Roinn scéim deontais spriocdhírithe faoi mhaoiniú na gCuntas Díomhaoin chomh maith in éineacht le leathnú náisiúnta an tionscnaimh sin, inar tugadh cuireadh do 100 scoil a dhéanann freastal ar na pobail is mó atá faoi mhíbhuntáiste chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú chun cabhrú leo maidir le dul chun cinn a dhéanamh i dtreo stádas na Scoileanna Digiteacha.

Ina theannta sin, lean an NCTE ar aghaidh ag tacú le **Webwise** (www.webwise.ie), Nód Feasachta na hÉireann um Shábháilteacht Idirlín, Insafe (líonra nód feasachta na hEorpa um shábháilteacht idirlín) agus raon tionscadal nuálaíoch eile le linn 2008.

Sheol an tAire clár oideachais lán-chomhtháite ar *Safer Internet Day 2008,* ar n-áirítear air: acmhainní seomra ranga le húsáid agus an curaclam SPHE á múineadh don chéad, dara agus tríú bliain i scoileanna iarbhunscoile, oiliúint inseirbhíse ar fud na tíre do mhúinteoirí SPHE, seiminéair Sábháilteacht Idirlín ar fud na tíre do thuismitheoirí, ceardlanna ar Líonrú Sóisialta ar fud na tíre do mhúinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile.

CUSPÓIR 1.3:

Acmhainní spriocdhírithe a sholáthar chun uilechuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn inár scoileanna

Comhionannas Deise a Sheachadadh i Scoileanna – DEIS

Sheol an Roinn DEIS in 2005, ar plean gníomhaíochta é a thugann aghaidh ar riachtanais oideachais leanaí agus daoine óga ó phobail faoi mhíbhuntáiste. Tá an plean gníomhaíochta seo á chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe thar thréimhse cúig bliana. Sholáthair an Roinn cúnamh airgeadais do scoileanna, faoin tionscnamh sonrach seo, arbh ionann é agus os cionn €18m i mbliain scoile 2008/09.

Tá na bearta a gcuirtear síos orthu thíos á gcur i bhfeidhm mar chuid de phlean gníomhaíochta DEIS:

- Cóimheas laghdaithe dalta i gcomparáid le múinteoir i limistéir uirbeacha is mó atá faoi mhíbhuntáiste
- Leithdháileadh príomhoidí riaracháin ar fhigiúirí níos ísle ná a bhaineann le bunscoileanna i limistéir uirbeacha de ghnáth
- Maoiniú breise caipitíochta bunaithe ar leibhéal an mhíbhuntáiste
- Maoiniú breise do leabhair scoile
- Rochtain ar an gClár Béilí Scoile
- Rochtain ar thacaíochtaí agus bearta uimhearthachta/litearthachta ag an leibhéal bunscoile
- Rochtain ar sheirbhísí Teagmhála Baile, Scoile agus Pobail (HSCL)
- Rochtain ar an gClár Críochnaithe Scoile (SCP)

- Soláthar feabhsaithe treoirchomhairleoireachta ag an leibhéal iarbhunscoile
- Rochtain ar thacaíochtaí pleanála
- Soláthar do thacaíocht leabharlainne agus leabharlannaí scoile ag an dara leibhéal
- Rochtain ar Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh (JCSP) agus an Ardteistiméireacht Fheidhmeach
- Rochtain ar raon tacaíochtaí forbartha gairmiúla

Chomh maith leis an Roinn, tá roinnt gníomhaireachtaí eile bainteach i dtionscnamh DEIS, lena n-áirítear an Tionscnamh Pleanála Forbartha Scoile (SDPI), an tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal (SLSS) agus an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil Bhunscoile (PPDS).

Tá an PPDS, atá freagrach as cúnamh a sholáthar sa réimse maidir le hathrú curaclaim a chur i bhfeidhm, freagrach chomh maith as cur i bhfeidhm agus comhordú straitéisí litearthachta agus uimhearthachta. Áirítear orthu sin:

- ***An Clár um Breith ar an Léitheoireacht,*** ar idirghabháil scoilbhunaithe é a dearadh chun fadhbanna litearthacta a laghdú laistigh den chóras oideachais. Is idirghabháil luath é a chuireann tréimhse dianmhúinteoireachta aonair ar fáil do leanaí a bhfuil deacrachtaí ar leith acu le léitheoireacht agus scríbhneoireacht tar éis dóibh bliain amháin a chaitheamh ar scoil.
- ***An Clár Céad Chéimeanna (First Steps),*** a thugann aghaidh ar riachtanais litearthacta i mbunscoileanna. Áirítear cúrsaí forbartha gairmiúla agus ábhair thacaíochta do mhúinteoirí bunscoile air. Cuireann sé modh cruinn ar fáil do mhúinteoirí chun inniúlachtaí agus dul chun cinn leanaí i léitheoireacht, scríbhneoireacht, litriú agus teanga labhartha a mheasúnú agus chun monatóireacht a dhéanamh air.
- ***An Clár um Breith ar an Matamataic,*** ar forbraíodh é mar fhreagairt chórasach ar fhadhb na teipe tromchúisí i matamataic scoile. Soláthraíonn sé clár dianmhúinteoireachta aonair do dhaltaí chun iad a thabhairt ar aghaidh chuig leibhéal ar ar dócha go n-éireoidís leo foghlaim i rang rialta.
- ***An Clár Ready Set Go Maths*** – is clár idirghabhála é a bhfuil lámhleabhar praiticiúil treorach do mhúinteoirí mar chuid de maidir le húsáid raon gníomhaíochtaí agus ábhar chun cur ar a gcumas caighdeán agus éifeachtúlacht na luathfhoghlama in uimhreacht do leanaí a fheabhsú.

Leagann na staitisticí seo a leanas béim ar an tionchar a imríonn DEIS ar fud na tíre:

- Freastalaíonn 385,200 leanbh ag an leibhéal bunscoile ar scoileanna a bhaineann leas as bearta bearta breise chun míbhuntáiste oideachais a chomhrac
- Freastalaíonn 97,400 dalta ag an leibhéal iarbhunscoile ar scoileanna a bhaineann leas as bearta breise chun míbhuntáiste oideachais a chomhrac
- Tá 648 múinteoir ranga breise ceaptha ag an leibhéal bunscoile
- Tá 237 múinteoir ranga breise ceaptha ag an leibhéal iarbhunscoile
- Tá 33 Príomhoide Riaracháin breise ceaptha, ar fhigiúirí níos ísle cláraithe agus foirnithe ná a bhaineann le bunscoileanna go ginearálta, i mbunscoileanna uirbeacha DEIS
- Tá seirbhísí 450 Comhordaitheoir Teagmhála Baile, Scoile agus Pobail/Tuaithe ar fáil do 151,000 leanbh i 876 scoil DEIS
- Tá rochtain ag 180,000 leanbh agus daoine óga a fhreastalaíonn ar 691 scoil (224 iarbhunscoil agus 468 bunscoil) ar an SCP
- Díríodh go sonrach faoin SCP ar thart ar 35,000 leanbh agus duine óg, a raibh baol ann go bhfágfaidís an scoil go luath, le haghaidh dian-idirghabhálacha agus spriocdhíríodh idirghabhálacha eile ar bhonn scoile uile
- Díríodh ar thart ar 800 duine óg faoin SCP a roghnaigh an scoil a fhágáil nder the SCP

chun idirghabhálacha a dhéanamh leo, ag féachaint dóibh a thabhairt ar ais san áireamh sa chóras oideachais

- Roinn 2,565 bunscoil íocaíochtaí arbh ionann iad agus beagnach €14 milliún i gcúnamh deontais breise chun aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachais. Bhí 69,500 dalta incháilithe sna scoileanna sin arbh ionann é agus 18.3% den chlárú iomlán do na scoileanna seo
- Roinn 277 iarbhunscoil íocaíochtaí a raibh os cionn €4 milliún i gcúnamh deontais breise i gceist leo chun aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachais. Bhí 31,000 dalta incháilithe sna scoileanna sin arbh ionann é agus 31.8% den chlárú iomlán do na scoileanna seo
- Méadaíodh líon na mbunscoileanna DEIS sa Chlár um Breith ar an Léitheoireacht faoi 45 go dtí 212 in 2008
- Chuir 32 bunscoil DEIS Céad Chéimeanna na Léitheoireachta i bhfeidhm, rud a thug líon iomlán na scoileanna DEIS a raibh an ghné seo de na Céad Chéimeanna á gcur i bhfeidhm acu chuig 281 in 2008
- Chuir 42 bunscoil DEIS Céad Chéimeanna na Scríbhneoireachta i bhfeidhm in 2008, rud a thug líon iomlán na scoileanna DEIS a raibh an ghné seo de na Céad Chéimeanna á gcur i bhfeidhm acu chuig 57
- Cuirtear 283 bunscoil DEIS ar an iomlán san iomlán anois sa chlár Céad Chéimeanna
- Liostáil 164 bunscoil DEIS leis an gclár um Breith ar an Matamataic in 2008, rud a thug líon iomlán scoileanna DEIS sa chlár seo chuig 247
- Soláthraíodh oiliúint ar úsáid an chláir Ready Set Go Maths do gach bunscoil Bhanna Uirbeach 1 agus 2 DEIS agus tá an clár seo á gcur i bhfeidhm anois ag na scoileanna sin
- Liostáil 23 iarbhunscoil bhreise DEIS leis an JCSP in 2008, rud a thug líon iomlán na scoileanna DEIS sa JCSP chuig 163
- Liostáil 10 n-iarbhunscoil bhreise DEIS sa JCSP leis an tionscadal Leabharlainne Taispeána in 2008, rud a thuig líon iomlán na scoileanna DEIS sa tionscadal seo chuig 20

Tugadh athbhreithniú iomlán ar dháileadh post HSCL/ comhordaitheora thuaithe agus socruithe braislithe chun críche in 2008. Mar thoradh air sin, dáiltear poist anois ar scoileanna ar bhonn a leibhéal míbhuntáiste agus cláraithe, ag féachaint do chóngaracht tíreolaíoch nó do'bhaint' (i gcás ina bhfreastalaíonn leanaí ón teaghlach céanna ar scoileanna éagsúla, i.e. buachaillí agus cailíní nó siblíní d'aois bhunscoile agus iarbhunscoile) agus éascaíocht a dhéanamh do chomhordaitheoirí áitiúla HSCL a dhéanann obair le teaghlaigh leanaí faoi mhíbhuntáiste ar fud an leibhéil bhunscoile agus an dara leibhéal.

Cuireadh aistarraingt chaipitíochta breise a choinnigh roinnt scoileanna ó scéimeanna roimhe sin atá comhchuimsithe anois faoi DEIS i bhfeidhm de réir socruithe comhaontaithe.

Rinneadh suirbhé i mí na Bealtaine 2008 ar bhunscoileanna nua agus nua-chónasctha a bunaíodh ó 2007 i leith. Cuireadh ceithre cinn de na scoileanna seo san áireamh i sraith uirbeach Bhanna 1 DEIS, trí cinn i mBanna 2 agus dhá cheann sa tsraith Thuaithe tar éis anailís a rinne an Foras Taighde ar Oideachas (ERC) ar na sonraí.

Tá coimisiniú déanta ag an Roinn don ERC chun meastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar bhearta DEIS ar feadh thréimhse phlean gníomhaíochta DEIS go dtí 2010. In 2008, bailíodh sonraí in 2007 ó dhaltaí sa dara, tríú agus séú rang i mbunscoileanna uirbeacha agus ó dhaltaí sa tríú agus sa seú rang i mbunscoileanna tuaithe. Bunaíonn an cleachtadh taighde sin na sonraí bunúsacha. Baileoidh an ERC sonraí leantacha in 2010 (agus b'fhéidir ar ócáidí amach anseo) ag féachaint don tionchar a imríonn DEIS ar ghnóthachtáil daltaí a mheasúnú.

CUSPÓIR 1.4:

Cóiríocht agus saoráidí cuí a sholáthar le haghaidh oideachas ardchaighdeán a sheachadadh

Cuireadh an t-aschur is airde tionscadal mórscála críochnaithe ar taifead i gcrích mar thoradh ar an infheistíocht ba mhó riamh a rinneadh i mbonneagar scoile in 2008 arbh ionann é agus €644m.

Tionscadail Tógála Bunscoile

In 2008, tugadh obair thógála chun críche ar 77 tionscadal mórscála bunscoile, rud a sholáthair 9,875 buanáit bhreise scoile i scoileanna nua agus a sholáthair buanáiteanna breise scoile agus saoráidí feabhsaithe i scoileanna reatha do 2,600 dalta eile.

Áirítear orthu sin, 27 tionscadal a tógadh le hoscailt in 2008 faoin gclár "mearsheachadadh".

Ina theannta sin, críochnaíodh 406 tionscadal ar thionscadail ar scála níos lú iad a cineachadh d'údaráis scoile, ar ar áiríodh soláthar 4,125 áit bhreise bhunscoile faoin Scéim Buanchóiríochta.

Iarbhunscoil

In 2008, tugadh obair thógála chun críche ar 18 tionscadal iarbhunscoile ar scála mór, a sholáthar 1,925 buanáit scoile i scoileanna nua agus buanáiteanna scoile agus saoráidí feabhsaithe i scoileanna reatha do 8,500 dalta.

Ina theannta sin, críochnaíodh 128 tionscadal in iarbhunscoileanna, ar thionscadail ar scála níos lú iad a cineachadh d'údaráis scoile.

An Clár DART (Dearadh, Aithne, Taighde & Teicneolaíocht)

Leanann an Roinn ar aghaidh le feabhas a chur ar chaomhnú fuinnimh i bhfoirgnimh Oideachais tríd an gclár seo. Tacaítear leis an mbeartas seo trí threoirdhoiciméid theicniúla na Roinne, a bhfuil foireannn ghairmiúil agus theicniúil agus comhpháirtíochtaí seachtaracha an Aonaid Ghnó mar bhonn eolais aige, a ndéantar é a nuashonrú trí thaighde agus forbairt leanúnach fuinnimh, a scaiptear é trí fhoilseacháin inmheánacha/seachtracha, comhdháileacha agus tuarascálacha bliantúla, le cúnamh ó thionscadail chomhoibrithe trasteorann agus a n-aithnítear é trí ghradaim náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Léiríodh go mbaineann feidhmíocht fuinnimh atá 2.3 uair níos éifeachtaí ná an cleachtas is fearr idirnáisiúnta le Bunscoileanna a dearadh agus a tógadh de réir an bheartais thuas agus na dtreordhoiciméad teicniúil, agus tá sé léirithe chomh maith go mbaineann feidhmíocht fuinnimh atá dhá uair níos éifeachtúla ná an cleachtas is fearr idirnáisiúnta le hiarbhunscoileanna.

Tacaíonn breis is cúig thionscadal taighde éagsúla is fiche leis an mbeartas fuinnimh. Áirítear ar na tionscadail reatha taighde fuinnimh, Coláiste Choilm, Tulach Mhór, tionscadal chrios fuinnimh Dhún Dealgan 2020, clár taighde agus taispeána millíní adhmaid/sliseanna admhaid Bithmhaise, lámhleabhair idirghníomhaíochta oibríochta agus cothabhála, clár oideachais timpeallachta scáileáin tadhaill idirghníomhaíochta, iniúchadh fuinnimh scoileanna speisialta, Athdhearadh Cineálach, ath-thionscadal scoileanna tuaithe agus an tionscadal gréasáin na Treorach Tógála um Fheidhmíocht Fuinnimh.

Bhuaigh an Clár DART foriomlán Gradam an Taoisigh um Fheabhas sa tSeirbhís Phoiblí in 2008.

Bhí an Tionscadal Taighde agus Taispeána Bithmhaise ina iomaitheoir sa Chatagóir don Tionscadal Fuinnimh In-Athnuachana i nGradaim Fhuinneamh Inmharthana Éireann 2008.

Trealamh TFC

In 2008, sholáthair an tAonad Tógála deontais trealaimh €2.3m do thionscadail nua tógála iarbhunscoile agus cuireadh €2.2m ar fáil do 72 bunscoil, sa chás gur críochnaíodh scoil nuathógtha nó síneadh mórscála go praiticiúil in 2008. Deartar na deontais seo le cur ar chumas scoileanna chun teicneolaíocht chuí a fháil a seomraí ranga nua chun TFC a chomhtháthú mar chuid dá múinteoireacht agus foghlaim. Bhí an Deontas Mionoibreacha do Mhaoin Scoile Náisiúnta ar fáil chomh maith le caitheamh ar threalamh TFC.

CUSPÓIR 1.5:

Raon acmhainní agus tacaíochta a sholáthar d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta acu

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)

Bunaíodh an NEPS i 1999 chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt phearsanta, shóisialta agus oideachais na leanaí go léir i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna trí theoiric agus cleachtas síceolaíochta a chur i bhfeidhm in oideachas, ag féachaint go háirithe do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Tá rochtain ag gach bunscoil agus iarbhunscoil ar mheasúnuithe síceolaíochta, cibé go díreach trí shíceolaí sannaithe NEPS nó tríd an Scéim um Measúnuithe Síceolaíochta a Choimisiúnú (SCPA). Féadfaidh scoileanna nach bhfuil síceolaithe NEPS sannta dóibh faoi láthair leas a bhaint as SCPA, lenar féidir leis an scoil measúnú a fháil ó bhall de phainéal na síceolaithe príobháideacha a cheadaíonn agus a íocann an NEPS. Soláthraíonn an NEPS cúnamh ar iarratas chomh maith do na scoileanna agus na pobail scoileanna go léir a dtarlaíonn teagmhais chriticiúla iontu.

Dírítear príomhfhócas an NEPS ar luath-idirghabháil le daltaí agus baill foirne i scoileanna d'fhonn leas a bhaint as poitéinseal na ndaltaí, chun teip scoile a chomhrac agus chun géarchéimeanna tromchúiseacha do leanaí agus daoine óga a sheachaint. Sa chomhthéacs seo, tá creatdoiciméad foilsithe agus dáilte ag an Roinn den teideal Special Educational Needs –A Continuum of Support. Cuireann na treoirlínte seo contanaim phróiseas measúnaithe agus idirghabhála a aithníonn ról lárnach an mhúinteora lárnaigh, a dtacaítear leo, de réir mar is cuí, trí phearsanra riachtanas speisialta oideachas na scoile féin agus trí ghníomhaireachtaí ó lasmuigh den scoil. Tagann an cur chuige seo ó chur chuige trí chéim maidir leis an measúnú agus idirghabháil a gcuirtear síos air i Samhail Seirbhíse an NEPS. Cuireann síceolaithe tacaíocht ar fáil do scoileanna ag gach céim den phróiseas seo trí chomhairliúchán le múinteoirí agus tuismitheoirí. Oibríonn síceolaithe chomh maith le scoileanna agus múinteoirí agus an cur chuige seo á fhorbairt. Féadtar comhairle agus saineolas síceolaíochta a chur ar fáil do níos mó leanaí tríd an tsamhail chomhairliúcháin seo a úsáid ná mar a bhféadfadh teagmháil a dhéanamh leo trí chásobair aonair a úsáid amháin.

Déanann an NEPS próiseáil ar iarratais ar Chóiríocht Réasúnta i Scrúduithe Teastais (RACE) agus tugann sé freagraí ar fhiosruithe maidir le leanaí aonair ó rannóga eile den Roinn agus ó sainghníomhaireachtaí. Ina theannta sin, cuireann an NEPS le forbairt beartais agus soláthraíonn sé raon leathan feidhmeanna comhairleacha agus comhairliúcháin le rannáin eile laistigh den Roinn agus lena gníomhaireachtaí, go háirithe sa réimse soláthair riachtanas speisialta.

Mhéadaigh líon na síceolaithe fostaithe ag an NEPS i rith 2008 ó 135 go dtí 153. Mar thoradh air sin:

- Mhéadaigh líon na síceolaithe NEPS a sannadh do bhunscoileanna ó 54% de na scoileanna don bhliain acadúil 2007/2008 go dtí 70% de na bunscoileanna don bhliain acadúil 2008/2009 - i dtéarmaí líon daltaí bunscoile, méadaíodh ó 63% go dtí 81% é.
- Mhéadaigh líon na síceolaithe NEPS d'iarbhunscoileanna ó 84% de na scoileanna don bhliain acadúil 2007/2008 go dtí 90% de na bunscoileanna don bhliain acadúil 2008/2009 - i dtéarmaí líon daltaí iarbhunscoileanna, méadaíodh ó 83% go 91% é.

I rith na bliana acadúla 2007/08 bhí síceolaithe an NEPS bainteach le hatreoruithe (cásobair) maidir le 6,200 dalta ainmnithe, meastar chomh maith go ndearna siad idirghabhálacha agus gur chuir siad comhairle ar fáil maidir le 7,000 dalta neamhainmnithe. Maoiníodh 4,600 measúnú faoin SCPA ag costas thart ar €1.5m.

Chomh maith leis sin, rinne siad moltaí maidir le 3,100 dalta breise faoin scéim Cóiríocht Réasúnta i Scrúduithe Teastais (RACE) thar ceann Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

Tacaíochtaí Oideachais

Tá an Roinn tiomanta do chinnte a dhéanamh de gur féidir leis na leanaí go léir a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu rochtain a fháil ar oideachas atá oiriúnach dá riachtanais, preferably i timpeallacht scoile tríd an líonra bunscoile agus iarbhunscoile.

Déanann an Roinn soláthar do raon tacaíochtaí agus seirbhísí oideachais do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta, teicneolaíocht oiriúnaitheach, saintrealamh, trealamh feabhsaithe agus socruithe speisialta iompair.

Tá an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) freagrach as iarratais a phróiseáil ó bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna ar thacaíochtaí riachtanas speisialta oideachais. Ba é €8.35m an costas don Roinn maidir leis an NCSE a mhaoiniú.

Ón 31/12/08, bhí 8,241 múinteoir tacaíochta foghlama/acmhainne coibhéis lánaimseartha i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna príomhshrutha. Ina theannta sin, soláthraíonn 1,155 múinteoir eile oideachas do leanaí a fhreastalaíonn ar scoileanna speisialta.

Faigheann leanaí a bhfuil riachtanais speisialta cúraim acu tacaíocht ó chúntóirí riachtanas speisialta chomh maith. Ag deireadh 2008 bhí os cionn 10,200 cúntóir riachtanas speisialta i mbunscoileanna, iarbhunscoileanna agus scoileanna speisialta.

Soláthraíonn an scéim ***Teagaisc sa Bhaile*** maoiniú do thuismitheoirí chun oideachas a sholáthar sa bhaile do leanaí, nach bhfuil in ann freastal ar scoil ar chúiseanna éagsúla, cosúil

le tinneas ainsealach. Leathnaíodh an scéim le blianta beaga anuas chun éascaíocht a dhéanamh do theagasc do leanaí atá ag feitheamh ar shocrú oiriúnach oideachais agus chun luath-idirghabháil a sholáthar do leanaí réamhscoile le huathachas. Bhain thart ar 900 dalta leas as an scéim seo i rith na bliana scoile dar críoch mí an Mheitheamh 2008. B'ionann an costas a bhain leis an gclár seo a fheidhmiú in 2008 agus thart ar €8m.

Tá ***Clár Oideachais Mhí Iúil*** ar fáil do gach scoil speisialta agus bunscoil phríomhshrutha ina bhfuil ranganna speisialta a fhreastalaíonn ar leanaí le huathachas a roghnaíonn a seirbhísí oideachais a shíneadh le linn mhí Iúil. Déanann an Roinn soláthar chomh maith do Chlár mhí Iúil do dhaltaí atá faoi mhíchumas foghlama ginearálta géar/trom. I gcás nach bhfuil soláthar scoilbhunaithe indéanta, féadtar cúnamh deontais a chur ar fáil do sholáthar bailebhunaithe tríd an scéim teagaisc sa bhaile. Ghlac 26 scoil bhreise sa chlár seo in 2008, rud a thuig an figiúr foriomlán chuig 104 scoil, ag costas iomlán €5.1m. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Roinn ar an Scéim Soláthar Mhí Iúil, a meastar go dtabharfar é chun críche in 2009.

An tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta (SESS)

Bunaíodh an SESS i Meán Fómhair 2003, chun oiliúint inseirbhíse agus tacaíocht a sheachadadh chuig scoileanna ar bhonn náisiúinta. Déanann an tseirbhís raon tionscnamh forbartha ghairmiúil agus struchtúir thacaíochta a chomhdhlúthú, a chomhordú, a fhorbairt agus a sheachadadh do phearsanra scoile a bhíonn ag obair le leanaí a mbíonn riachtanais oideachais speisialta acu, in ionaid oideachais éagsúla. Áirítear ar na hionaid seo bunscoileanna agus iarbhunscoileanna príomhshrutha, scoileanna speisialta agus ranganna speisialta.

Fuair múinteoirí in iomlán de 111 Aonad Uathachais dianoiliúint maidir le Neamhoird sa Speictream Uathach (ASDs) in 2007 agus in 2008. Tá an oiliúint á leathadh amach ar bhonn céimnithe thar trí bliana acadúla agus rinneadh an dara cuid de chéim 1 agus an céad chuid de chéim 2 in 2008. Tá an oiliúint seo riachtanach chun freastal a dhéanamh ar an riachtanas atá ag meadú i gcónaí chun leanúint ar aghaidh le forbairt ghairmiúil d'oideachasóirí i gcomhthéacs an ASD. Fuair na múinteoirí sna hAonaid oiliúint in 2007 agus 2008 agus leanfaidh siad ar aghaidh leis an oiliúint in 2009.

In 2007/08, d'ardaigh an líon foirne lánaimseartha ar an bhfoireann SESS ó 15 go dtí 20 agus is é líon na gcomhpháirtithe ná 9. Chuir an SESS os cionn 20,000 áit oiliúna ar fáil in 2008, a léiríonn ardú de thart ar 4,000 áit ó 2007.

In 2008, lean an SESS ar aghaidh leis an bpróiseas ag cur foirne de seachtar speisialtóirí iopmair le chéile chun:

- forbairt ghairmiúil leanúnach (CDP) a chur ar fáil do mhúinteoirí, agus
- na cláir iompair a theastaíonn ó na daltaí le ASDs a fhreastalíonn ar scoileanna/ranganna speisialta a dhréachtadh agus a mhaoirsiú.

Tá an fhoireann comhdhéanta de dhaoine a bhfuil sainoiliúint ar ardchaighdeán orthu go háirithe i réimse na hAnailíse Iompair Fheidhmeach (ABA).

Cláir Iarchéime in Riachtanais Oideachais Speisialta

Leanann soláthar na gclár seo ar aghaidh ag forbairt, tríd an caidreamh oibre idir an Roinn agus na hinstitiúidí seo a leanas:

- Coláiste Phádraig, Droim Conrach
- Coláiste Naomh Aingil, Sligeach
- Coláiste Eaglais na hÉireann, Ráth Maoinis
- Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach
- Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath
- Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Cuireann na hinstitiúidí seo Comhchlár Dioplóma Iarchéime i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach ar fáil do mhúinteoirí atá rannpháirteach i dTacaíocht Foghlama agus in Oideachas Speisialta. Don bhliain acadúil 2008/2009 bhí 294 rannpháirtí (203 bunoideachas agus 91 iarbhunoideachas) ar an gclár seo.

Thairg Coláiste Naomh Aingil, Sligeach, i gcomhar le SESS clár teastais/dioplóma iarchéime CPD i SEN (ASD) do mhúinteoirí don chéad uair sa bhliain acadúil 2008/09. Tá sé mar aidhm ag an gclár scileanna, eolas agus tuiscint na múinteoirí ó thaobh oibriú le mic léinn le neamhoird sa speictream uathach a fhorbairt. Cuireadh suas le 25 áit ar fáil sa bhliain acadúil 2008/2009.

Sa bhliain acadúil 2008/2009 chomh maith bhí:

- 18 rannpháirtí ar an teastas iarchéime in oideachas na ndaltaí le ASD atá á reáchtáil ag Coláiste Phádraig, Droim Conrach ó 2001.
- 6 dalta ag glacadh páirt sa Máistreacht i Riachtanais Oideachais Speisialta á reáchtáil ag Coláiste Phádraig, Droim Conrach chomh maith.
- Iomlán de 150 áit ar fáil ar an gcúrsa Teastas/Dioplóma san Oideachas (Oideachas Speisialta/Uilechuimsitheach) ar líne do mhúinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile.

Tairiscint le haghaidh clár forbartha gairmiúil leanúnach (CDP) ar líne do mhúinteoirí na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a sheachadadh

In 2008, lorg an Roinn tairiscintí chun fardal clár ar líne a chur le chéile lena n-úsáid ag an SESS i seachadadh CDP do mhúinteoirí na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Dámhadh an tairiscint ar an Institiúid um Oideachas agus Siceolaíocht do Leanaí.

Soláthar Uathachais

Ceadaíodh 35 rang breise do leanaí le huathachas a ghabhann le scoileanna príomhshrutha, agus scoileanna speisialta, ag tabhairt líon iomlán na ranganna speisialta ag deireadh 2008 go dtí 310.

In 2008, ceadaíodh chomh maith 12 rang breise luathidirghabhála do leanaí ar an speictream uathach, ag tabhairt líon iomlán na ranganna luathidirghabhála ag deireadh 2008 go dtí 35.

Tugann an Roinn maoiniú do scéim phíolótach a bunaíodh nuair nach raibh líonra de ranganna speisialta ann atá ar fáil anois i scoileanna. Tá tiomantas sa chlár reatha don Rialtas maidir le maoiniú fadtéarmach do na hionaid atá sa scéim phíolótach ABA faoi réir ag comhaontú leis an Roinn ar chaighdeáin a chuirfidh ar a gcumas tacaíocht a fháil mar bhunscoileanna do leanaí le huathachas. In 2008, thángthas ar chomhaontú ar na príomhchoinníollacha chun a chur ar chumas na n-ionad atá rannpháirteach sa scéim aitheanas a fháil mar scoileanna speisialta do leanaí le huathachas agus tá pléití ar bun maidir le socruithe conartha atá ann cheana.

Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta acu (EPSEN) 2004

Cé gur fógraíodh i mBuiséad na bliana 2008 nach bhféadfaí dul ar aghaidh le cur i bhfeidhm iomlán an Achta ESPEN in 2010 mar a samhlaíodh i dtús báire, gheall an Rialtas go gcoinneofaí an cheist faoi athbhreithniú agus go ndéanfaí ESPEN a chur i bhfeidhm go hiomlán chomh luath agus is féidir.

CUSPÓIR 1.6:

Acmhainní agus tacaíochtaí spriocdhírithe a chur ar fáil do leanaí ar foghlaimeoirí nua iad

Leithroinnt Tacaíochtaí Múinteoirí Breise

Cinntíonn líon na ndaltaí atá ar an rolla a bhfuil Béarla mar an dara teanga acu agus na leibhéil mheasúnaithe gaolmhara maidir le líofacht teanga na ndaltaí an leibhéal tacaíochta múinteora a leithroinntear ar scoileanna bunscoile agus iarbhunscoile.

In 2008, cuireadh iomlán de 2,000 post tacaíochta teanga lánaimseartha ar fáil do scoileanna le 14 dalta incháilithe nó níos mó ag costas iomlán de €124m. I gcomhar le tuismitheoirí agus múinteoirí ranga, aithníonn na Múinteoirí Tacaíochta Teanga seo na daltaí a dteastaíonn tacaíocht bhreise uathu, cuirfidh siad cláir teanga cuí le chéile, déanfaidh siad na cláir a sheachadadh agus déanfaidh siad monatóireacht ar dhul chun cinn na ndaltaí agus é a thaifid.

Chomh maith leis sin, cuirtear tacaíochtaí ar fáil do bhunscoileanna nach mbaineann amach an critéar cáilitheach chun múinteoirí lánaimseartha a cheapadh i bhfoirm deontas i gcabhair chun múinteoirí tacaíochta teanga páirtaimseartha a fhostú. In 2008, fuair scoileanna a raibh idir triúr agus ochtar dalta incháilithe iontu cabhair deontais de níos mó ná €6,300 chun ligint don scoil múinteoir cáilithe a fhostú ar feadh 4 uaire in aghaidh na seachtaine. Fuair scoileanna le idir naonúr agus 13 dalta incháilithe cabhair deontais de níos mó ná €9,500 chun scoil múinteoir cáilithe a fhostú ar feadh 6 uaire in aghaidh na seachtaine. Bhain 469 scoil leas as an gcineál seo de thacaíocht airgeadais in 07/08 ag costas iomlán múinteoireachta breise de níos mó ná €3.7m.

Tacaíocht a sholáthar do mhúinteoirí Béarla mar theanga breise

Sheachaid foireann d'oiliúnóirí na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Bhunscoileanna (PPDS) seimineáir i mBéarla mar Theanga Breise (EAL) chuig múinteoirí atá fostaithe mar mhúinteoirí tacaíochta teanga. Don bhliain acadúil 2008/2009 thairg an PPDS dhá lá de oiliúint inseirbhíse.

CUSPÓIR 1.7:

Tacú le forbairt agus soláthar an oideachais luathóige ar ardchaighdeán

Is é ról na Roinne mar atá leagtha amach sa Pháipéar Bán ar Oideachas Luathóige 1999, Réidh le Foghlaim, ná feabhas a chur ar chaighdeán an tsoláthair oideachais i dtimpeallachtaí chúram leanaí.

Cé go dtiteann beartas oideachais luathóige faoi dhualgas na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, tá Aonad Beartas Oideachas Luathóige lonnaithe in éineacht le hOifig an Aire Leanaí

agus Gnóthaí Óige (OMCYA) lena chinntiú go ndéantar forbairtí beartas in earnáil an oideachais luathóige a fhorbairt laistigh den chreat beartas straitéiseach foriomlán do leanaí.

Ó 2000, cuireadh infheistíocht an rialtais in oideachas luathóige go príomha tríd, ar dtús, an Clár Comhdheiseanna Chúram Leanaí 2000-2006 agus ansin tríd an Clár Náisiúnta Infheistíochta Chúram Leanaí 2006-2010. Riarann an OMCYA an dá chlár sin.

Cé gurb é an aois scoile éigeantach in Éirnn ná 6, is féidir leanaí atá 4 nó os a chionn a chlárú i rang naíonáin shóisearacha i mbunscoileanna. Léiríonn staitisticí go bhfuil beagnach leath de na leanaí atá 4 bliana d'aois agus beagnach na leanaí ar fad atá 5 bliana d'aois cláraithe i ranganna naíonán i mbunscoileanna.

Is iad seo a leanas príomhidirghabhálacha an Rialtais i luathóige atá dírithe ar leanaí atá faoi mhíbhuntáiste nó a bhfuil riachtanais speisialta acu:

- An tionscadal réamhscoile **Early Start,** a bunaíodh in 1994/95 i 40 bunscoil i gceantair atá ainmnithe a bheith faoi mhíbhuntáiste uirbeach. Is éard atá sa tionscadal ná clár oideachais chun feabhas a chur ar fhorbairt fhoriomlán, cuidiú le cosc a chur ar theip na scoile agus tionchair an mhíbhuntáiste sóisialta a fhritháireamh. Is é líon iomlán na spásanna a chuireann na 40 ionad Early Start ar fáil ná 1,680.
- Is réamhscoil atá i **dTionscadal Shráid Rutland,** a bunaíodh in 1969, atá ceangailte le scoil náisiúnta Shráid Rutland i mBaile Átha Cliath. Cé nach bhfuil sé mar chuid den Early Start, úsáideadh é chun píolótú a dhéanamh ar go leor de na cur chuigí a corpraíodh ina dhiaidh sin sa tionscadal Early Start.
- **Réamhscoileanna de chuid an Lucht Siúil:** Déanfaidh an beartas, mar atá leagtha mach i Straitéis Oideachais don Lucht Siúil 2006, réamhscoileanna deighilte de chuid an Lucht Siúil a chéimniú amach. Leanann líon na réamhscoileanna deighilte de chuid an Lucht Siúil ag titim agus tá 29 seirbhís dheighilte fós fanta.
- **Riachtanais speisialta oideachais:** Tugann an Roinn maoiniú do líon idirghabhálacha, lena n-áirítear 35 rang réamhscoile, chun an t-éileamh ar sholáthar luathidirghabhála do leanaí ar an speictream uathach a éascú. Feidhmíonn an Roinn scéim theagasc baile chomh maith, a sholáthraíonn maoiniú le haghaidh luathidirghabháil oideachais do leanaí réamhscoile le huathachas.

An tIonad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (CECDE)

Bunaíodh an CECDE le haghaidh tréimhse socraithe in 2002 mar chuid de chur i bhfeidhm *Ready to Lear.* Áiríodh ar bhundhualgas an ionaid forbairt Chreat Cáilíochta d'Oideachas Luath-Óige a seachadadh go ráthúil in 2006 nuair a foilsíodh *Síolta: an Creat Cáilíochta Náisiúnta d'Oideachas Luath-Óige*. Chuir an CECDE deireadh lena chuid oibríochtaí ag deireadh mhí na Samhna 2008. Bainistíonn Aonad Beartas Oideachas Luathóige na Roinne cur i bhfeidhm *Síolta.*

Maoiniú Cuntas Díomhaoin ar Thionscnaimh Réamhscoile

Lorgaíodh agus ceadaíodh maoiniú cuntas díomhaoin do dhá thionscnamh réamhscoile in 2008. Faoi Bheart Feabhsúchán Cáilíochta a bhí nasctha le caighdeáin Síolta, iarradh ar sheirbhísí réamhscoile a feidhmíodh i gceantair bhanna 1 DEIS UIRBEACH iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú suas go dtí €10,000. Faoi bheart lánpháirtithe ar leith eile, iarradh ar réamhscoileanna iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú chun clárú agus coinneáil leanaí an Lucht Siúil i seirbhísí réamhscoile a spreagadh.

Sprioc Ardleibhéil a Dó:

"Cur le Deiseanna ó thaobh Breisoideachais agus Seirbhísí Ógra"

Cuid 02

Breisoideachas agus Seirbhísí don Ógra

Cuid a Dó

Breisoideachas agus Seirbhísí don Ógra

SPRIOC ARDLEIBHÉIL A DÓ:

Cur le Deiseanna ó thaobh Breisoideachais agus Seirbhísí Ógra

Comhthéacs

Cuireann soláthar breisoideachas agus oideachas aosach rochtain, aistriú agus deiseanna forchéimnithe ar fáil d'fhoghlaimeoirí. Tá cúrsaí, lánaimseartha agus páirtaimseartha araon oscailte do gach duine ach is é an príomhchuspóir atá ann raon tacaíochtaí a chur ar fáil:

- a fhreastalóidh ar riachtanais daoine óga a fhágann an scoil go luath
- a chuirfidh an dara deis ar an oideachas ar fáil le cur ar chumas foghlaimeoirí leanúint lena gcuid oideachais chomh fada le caighdeán atá comhionann le hoideachas uachtarach dara leibhéal
- gairmullmhúchán agus gairmoiliúint a chur ar fáil d'iontrálaithe agus d'ath-iontrálaithe sa mhargadh saothair.

D'aithin an Roinn seo ina Ráiteas Straitéise 2008-2010 na tosaíochtaí seo a leanas don bhreisoideachas:

- Cur le agus leathnú a dhéanamh ar rannpháirtíocht
- Cáilíocht an tsoláthair oideachais a chur chun cinn
- Forbairt a dhéanamh ar an earnáil i réimsí ar nós dearbhú cáilíochta.

Is é an chuspóir a bhí le soláthar Gnóthaí Ógra na Roinne ná tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt shóisialta agus pearsanta dhaoine óga faoi bhun 25 le béim ar leith orthu sin in aois idir 10 agus 21, trí chláir agus trí pholasaithe a fhorbairt a bhfuil sé mar aidhm acu seirbhís oibre do dhaoine óga atá ar ardchaighdeán a sholáthar do na daoine óga ar fad trí thacaíocht airgid a chur ar fáil d'earnáil na hoibre ógra.

D'aithin Ráiteas Straitéise 2009-2010 na Roinne na tosaíochtaí seo a leanas d'earnáil na hoibre ógra:

- Leathadh amach leanúnach an Achta um Obair Ógra, 2001, agus an Plean Forbartha Náisiúnta d'Obair Ógra mar is cuí, ar bhonn céimnithe agus ar bhonn tosaíochta laistigh de na hacmhainní atá ar fáil
- Forbairt agus feidhmiú Creat Caighdeán Cáilíochta don Earnáil Obair Ógra agus leis an Earnáil Obair Ógra.

De bhun cinneadh rialtais in 2008 aistríodh freagracht Gnóthaí Ógra chuig Oifig an Aire Leanaí sa Roinn Sláinte agus Leanaí le héifeacht ón 1 Eanáir 2009. Rinneadh na hullmhúcháin chun éifeacht a thabhairt don aistriú sin le linn na bliana 2008. Aistríodh buiséad agus foireann Gnóthaí Ógra

na Roinne chuig Oifig an Aire Leanaí chun leanúnachas seirbhíse agus taithí oibríochta a sholáthar chomh maith le deiseanna níos fearr a oscailt suas do chur chuige lánpháirtithe, comhtháite agus éifeachtach le haghaidh a thabhairt ar riachtanais leanaí agus daoine óga.

CUSPÓIR 2.1:

Caighdeán an tsoláthair oideachais a chur chun cinn

Litearthacht d'Aosaigh

Is éard atá i gceist le cláir Oideachais Pobail agus le Cláir Litearthacht d'Aosaigh ná oideachas bunúsach a cur ar fáil lena n-áirítear scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta, litrithe agus uimhearthachta d'aosaigh nach bhfuil a gcuid scileanna leordhóthanach d'fheidhmiú rannpháirtiúil sa ghnáthshaol laethúil. Tá forbairt phearsanta, scileanna foghlama ar mhaithe le foghlaim agus scileanna IT san áireamh ansin freisin.

Cuirtear maoiniú do litearthacht d'aosaigh (lena n-áirítear maoiniú do Bhéarla do chainteoirí Teangacha Eile – ESOL) agus d'oideachas pobail ar fáil trí dheontais bhliantúla do na Coistí Gairmoideachais. Cuireadh maoiniú ar fáil freisin do chláir litearthachta atá spriocdhírithe ar nós litearthacht do dhaoine bodhra, litearthacht teaghlaigh, litearthacht do dhaoine le disléicse, agus litearthacht san áit oibre.

Stop an *Integrate Ireland Language and Training (IILT)* de bheith ag soláthar teagasc díreach do dhídeanaithe i Lúnasa na bliana 2008. Chinn an Roinn gur chóir gurb iad na Coistí Gairmoideachais a bheadh ag príomhshruthú agus ag cur an tsoláthar sin ar fáil. Sholáthair an Roinn maoiniú do na Coistí Gairmoideachais idir Lúnasa agus Nollaig na bliana 2008 le clár Béarla agus sóisialú a chur ar fáil do 9 ngrúpa dídeanach.

Sa bhliain 2008 ghlac an Roinn i gcomhar leis An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta páirt sa chéad chéim den Chlár OECD don Mheasúnú Idirnáisiúnta d'Inniúlachtaí Aosach (PIAAC).

An Straitéis Scileanna Náisiúnta

Bhunaigh an tAire Stáit Seán Haughey Coiste idir-Rannach sa bhliain 2008 a raibh sé de dhualgas air plean feidhme a dhréachtadh don Straitéis Scileanna Náisiúnta. Bhí roinnt cruinnithe ag an gCoiste agus cuireadh obair ar an bPlean chun cinn.

Athbhreithniú ar Luach ar Airgead d'Ionaid Oiliúna Ógtheagmhála agus d'Ionaid Oiliúna don Lucht Siúil Sinsearach

Foilsíodh athbhreithniú maidir le Luach ar Airgead (VFM) ar chláir Ionaid Oiliúna Ógtheagmhála agus Ionaid Oiliúna don Lucht Siúil Sinsearach (STTCanna) in 2008. Soláthraíonn an t-athbhreithniú, go foriomlán, an bonn le tacú le leanúint le leithdháileadh maoiniú poiblí ar Ótheagmháil. Moltar san athbhreithniú gur chóir na STTCanna a chéimniú amach sa tréimhse níos faide mar sholáthar leithscartha agus gur chóir go mbeadh aosaigh an Lucht Siúil rannpháirteach sa bhreisoideachas príomhshrutha.

De bhun mholtaí an VFM, i Lúnasa 2009 chuir an Roinn na Coistí Gairmoideachais ar an eolas go mbeadh an méid seo a leanas ag tarlú ón 1 Eanáir 2009:

- Nach bhféadfadh na STTCanna foghlaimeoirí faoi 18 bliain d'aois a chlárú níos mó, agus:

- Agus nach n-íocfaí liúntas oiliúna le foghlaimeoirí faoi 16 bliain a bheadh ag clárú le Ógtheagmháil.

Meastóireacht ar Ionaid Oideachais

Rinne cigirí a bhí sannta do Sheirbhís Oifige Réigiúnach na Roinne stiúradh ar sheacht meastóireacht déag maidir le hIonaid Oiliúna Ógtheagmhála agus Ionaid Oiliúna don Lucht Siúil Sinsearach in 2008.

Idirbheartaíocht ar Fhorbairt Earnáil na hIar-Ardteistiméireachta (PLC)

Chuir an Roinn tús le hidirbeartaíocht, i mí na Nollag 2006, leis an mbainistíocht agus leis na ceardchumainn i ndáil le soláthar Iar-Ardteistiméirachta (PLC) in earnáil an bhreisoideachais, mar a bhí samhlaithe faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta *I dTreo 2016.* Admhaíodh *I dTreo 2016* go ndéanfaidh cinneadh maidir le leibhéal na n-acmhainní in earnáil an PLC i bhfianaise acmhainní go ginearálta agus i bhfianaise na n-impleachtaí a bheadh ann do na réimsí eile oideachais.

Cuireann dréacht-chomhaontú a tugadh chun críche leis an mbainistíocht agus le hAontas Múinteoirí Éireann (TUI) i mí Iúil na bliana 2008, bonn ar fáil ar mhaithe le hearnáil an PLC a fhorbairt amach anseo. Breithneofar an feidhmiú i gcomhthéacs soláthairtí an bhuiséid reatha agus soláthairtí buiséid amach anseo a bheidh ag an Roinn agus tógfar san áireamh comhthéacs eacnamaíoch agus buiséadach reatha agus ionchais agus na srianta airgeadais gaolmhara.

CUSPÓIR 2.2:

Rochtain ar agus rannpháirtíocht sa bhreisoideachas a chur chun cinn

Soláthraítear cúrsaí Breisoideachais ag Leibhéil 1 – 6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Cláir Lánaimseartha atá ar fáil

- Dírítear an ***Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS)*** ar dhaoine atá dífhostaithe agus atá os cionn 21 bliain d'aois. Is iad spriocghrúpaí príomha na scéime daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, daoine ar scileanna íseal agus daoine atá faoi mhíbhuntáiste. Íoctar liúntas oiliúna le rannpháirtithe VTOS agus bíonn fáil acu ar threoir agus ar thacaíochtaí cúram leanaí.
- Dírítear clár ***Ógtheagmháil*** ar dhaoine óga in aois idir 15-20 agus a d'fhág an scoil go luath gan aon cháilíochtaí ná aon ghairmoiliúint. Soláthraíonn an scéim clár lánpháirtithe oideachais, oiliúna agus taithí oibre. Tugadh isteach é sa bhliain 1989 i gcomhar le FÁS. Is iad na Coistí Gairmoideachais a reáchtálann Clár Ógtheagmhála na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Íoctar liúntas oiliúna leis na rannpháirtithe agus tá siad i dteideal tacaíocht chúram leanaí freisin.
- ***Ionaid Oiliúna don Lucht Siúil Sinsearach (STTCanna)*** don Lucht Siúil atá os cionn 18 bliana d'aois iad. Cuireann na STTCanna clár lánpháirtithe oideachais, oiliúna agus taithí oibre ar fáil le béim shainiúil ar fhreastal ar riachtanais chultúrtha phobal an Lucht Siúil. Íoctar liúntas oiliúna leis na rannpháirtithe agus tá siad i dteideal tacaíocht cúraim leanaí freisin.
- Tá ***Cláir Iar-Ardteistiméireachta (PLC)*** ann do mhic léinn a bhfuil an Ardteistiméireacht déanta acu agus d'aosaigh atá ag filleadh ar oideachas. Is í earnáil na gCoistí Gairmoideachais is mó a dhéanann soláthar ar Chúrsaí PLC ach tá cúrsaí á dtairiscint freisin ag roinnt Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha agus ag Meánscoileanna.

Cláir Lánaimseartha atá ar fáil

Cláir Oideachais Pobail agus Cláir Litearthacht d'Aosaigh

Is éard atá i gceist le cláir Oideachais Pobail agus le Cláir Litearthacht d'Aosaigh ná oideachas bunúsach a cur ar fáil lena n-áirítear scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta, litrithe agus uimhearthachta d'aosaigh nach bhfuil a gcuid scileanna leordhóthanach d'fheidhmiú rannpháirtiúil sa ghnáthshaol laethúil. Tá forbairt phearsanta, scileanna foghlama ar mhaithe le foghlaim agus scileanna IT san áireamh ansin freisin.

Soláthraítear maoiniú do sheirbhísí litearthacht d'aosaigh agus do sheirbhísí oideachais pobail trí sholáthair dheontais bhliantúla a dhéantar ar earnáil na gCoistí Gairmoideachais. Soláthraítear maoiniú do theagasc an ***Bhéarla do chainteoirí Teangacha Eile (ESOL)*** tríd an mbuiséad litearthachta d'aosaigh. Cuireadh maoiniú ar fáil freisin do chláir litearthachta atá spriocdhírithe ar nós litearthacht do dhaoine bodhra, litearthacht teaghlaigh, litearthacht do dhaoine le disléicse, agus litearthacht san áit oibre.

Tionscnamh chun Filleadh ar Oideachas (BTEI)

Tá sé d'aidhm ag an BTEI cur le rannpháirtíocht daoine óga agus aosaigh a bhfuil leibhéal oideachais níos ísle ná oideachas uachtarach dara leibhéal orthu i raon deiseanna foghlama. Le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2007, leasaíodh critéir incháilitheachta an BTEI chun teagasc saor in aisce a chur ar fáil d'aon aosaigh le leibhéal oideachais níos ísle ná oideachas uachtarach dara leibhéal. I dtosach ní raibh ach daoine a bhí i dteidlíocht leasa shóisialaigh nó cárta leighis i dteideal táillí saor in aisce. Beidh fáil ag rannpháirtithe BTEI ar threoir agus ar thacaíochtaí cúraim leanaí freisin. Bhí 9,500 áit ar fáil sa bhliain 2009.

Clár	*Caiteachas 2008 €m Lánaimseartha*	*Áiteanna*
VTOS	71.2	5,000
Ógtheagmháil	65.3	3,692
STTCanna	26.3	1,084
PLC	7.5*	30,188
Clár	*Páirtaimseartha Caiteachas 2008 €m*	*Rannpháirtithe*
BTEI	18.5	27,104
Litearthacht	30.0	49,000
Oideachas Pobail	11.0	56,500

** Caiteachas ar chaipitíocht bhreisithe agus ar íocaíochtaí LDA amháin. Ba €168m an caiteachas foriomlán ar an PLC sa bhliain 2008, lena n-áirítear pá, tacaíocht do mhic léinn agus caipitíocht.*

Cláir Thacaíochtaí

- Cuireadh tús leis an Tionscnamh um Threoir san Oideachas Aosach (AEGI) sa bhliain 2000 ina raibh10 dtionscadal píolótach deartha chun tacú le cuspóirí foghlama ar feadh an tsaoil atá leagtha amach sa *Pháipéar Bán ar Oideachas Aosach: Foghlaim ar feadh an tSaoil 2000.* Faoi láthair tá 40 tionscadal á reáchtáil ar bhonn náisiúnta, is iad na Coistí Gairmoideachais atá i mbun bainistíochta ar na tionscadail ach amháin ar aon cheann amháin. Tá an beart deartha le tacú le rochtain ar Litearthacht Aosach, VTOS, BTEI agus cláir oideachais d'aosaigh agus do chláir oideachais pobail eile in Earnáil an Bhreisoideachais. Tá an tseirbhís ar fáil freisin do mharthanóirí mhí–úsáid fhorais chónaitheacha agus á gcuid teaghlaigh.

- Cuirtear an deontas bliantúil cúraim leanaí ar fáil do na Coistí Gairmoideachais chun cur ar chumas fhoghlaimeoirí ag a bhfuil leanaí óga acu filleadh ar an gcóras oideachais. Tá rannpháirtithe cláir VTOS, Ógtheagmháil, STTCanna agus BTEI incháilithe freisin. Is í an aidhm atá leis daoine a mhealladh le clárú sna cláir sin, daoine nach bhfuil ar a gcumas freastal faoi láthair mar go bhfuil freagrachtaí cúram leanaí orthu.

TACAÍOCHTAÍ	CAITEACHAS 2008 €M	TAIRBHITHE
AEGI	6.8	35,000
Cúram Leanaí	4.36	2,273 leanbh
		1,700 tuismitheoir

CUSPÓIR 2.3:

Tacú le seirbhísí obair ógra a fhorbairt

Comhlánaíonn obair ógra, ar phróiseas foghlama neamhfhoirmiúil atá ann, an próiseas oideachais fhoirmiúil agus tá sé sainiúil sa mhéid go mbíonn daoine óga rannpháirteach i gcláir oibre agus i ngníomhaíochtaí ógra ar bhonn deonach.

Cuireadh thart ar €**52m** ar fáil sa bhliain 2008 don earnáil obair ógra trí líon scéimeanna agus tionscnaimh, eadhon:

SCÉIM	RANNPHÁIRTITHE
Scéim Dheontas do Sheirbhísí don Ógra	190,000
Scéim Thionscadail Speisialta don Ógra	105,000
An Ciste um Shaoráidí agus Seirbhísí do Dhaoine Óga	39,530

Chomh maith leis sin, cuireadh maoiniú de os cionn €950,000 ar fáil do Ghaisce – Gradam an Uachtaráin agus beagnach €640,000 do Léargas - An Biúró Malartaithe don Aos Óg i mBun Gníomhaíochta Eorpach.

Creat Caighdeán Cáilíochta (QCS)

Tá forbairt an QSF don earnáil obair ógra faoi stiúir an Mheasúnóra ar Obair Ógra i gcomhairle le leasa obair ógra. Táthar ag súil go gcuirfidh an QSF deis ar fáil le tuilleadh sainmhínithe a thabhairt ar an bpróiseas obair ógra agus go léireofar a chuid éifeachtachta mar phróiseas oideachais neamhfhoirmiúil.

Ag cur leis an dul chun cinn a rinneadh sa bhliain 2007, rinneadh píolótú ar éirigh go maith leis ar an gCreat le linn na tréimhse ó mhí an Mhárta go Mí na Samhna 2008 in 18 tionscadal obair ógra, in dhá lárionad eolais ógra agus i dtrí eagraíocht náisiúnta obair ógra. Cuirfidh meastóireacht neamhspleách a rinneadh ar fud na scéime píolótaí, mar aon le tuairimí ó leasanna éagsúla obair ógra, eolas ar fáil do chruth deiridh an chreata, a leathfar amach go náisiúnta ar bhonn céimnithe.

Scéim Deontais do Chlubanna Áitiúla don Ógra

Ag aithint an gá atá le comhsheasmhacht i bhfeidhmiú agus i riaradh feadh na gCoistí Gairmoideachais ar fad atá ag feidhmiú na Scéime seo, tugadh faoi athbhreithniú ar an scéim atá ann cheana le linn na bliana 2008. Rinneadh forbairt ar scéim leasaithe a thug san áireamh na gníomhaíochtaí éagsúla atá á gcur ar fáil ag grúpaí ógra ar fud na tíre agus rinneadh iarracht freagairt don taithí ar an saol dáiríre agus ar an saol praiticiúil a bhíonn ag grúpaí ógra deonacha áitiúla agus iad ag soláthar gníomhaíochta do dhaoine óga. Cuireadh tús le scéim phíolótach den Scéim leasaithe i 30 réimse de chuid na gCoistí Gairmoideachais ag deireadh na bliana 2008.

Cuireadh méadú de €1.8 milliún le maoiniú na scéime sa bhliain 2008 agus fuair os cionn 1,500 club áitiúil maoiniú.

An Chomhairle Náisiúnta um Obair don Aos Óg (NYWAC)

Leanadh le hobair an NYWAC le linn na bliana 2008, atá ionadaíoch ar na hearnálacha deonacha agus reachtúla araon le leas i gcláir agus i seirbhísí obair ógra.

D'oibrigh líon fo-ghrúpaí/grúpaí oibre ar raon saincheisteanna lena n-áirítear:

- An tAcht um Obair Ógra, 2001a leathadh amach tuilleadh
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta d'Obair Ógra, 2003-2007
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód Dea-Chleachtais - Treoirlínte do Chosaint Leanaí don earnáil obair ógra (is déanaí a foilsíodh sa bhliain 2003)
- Ag leabú Comhionannais agus Idirchultúrachais i gcleachtais laethúla obair ógra.

Sprioc Ardleibhéil Trí:

"Ardoideachas agus taighde a neartú agus a chothabháil"

Cuid 03

Ardoideachas agus Taighde

Cuid a Trí

Ardoideachas agus Taighde

SPRIOC ARDLEIBHÉIL TRÍ:

Ardoideachas agus taighde a neartú agus a chothabháil

Comhthéacs

Tá an Roinn freagrach as beartas ginearálta, lena n-áirítear, freagrachtaí as taighde, as maoiniú agus as maoirseacht a dhéanamh ar earnáil an Bhreisoideachais. Tugann an cur chuige beartais ar aird aidhm fhoriomlán an chórais ardoideachais le daoine a chumasú leis an méid is féidir leo a bhaint amach mar dhaoine aonair agus mar shaoránaigh gníomhacha, agus an mhian uasmhéadú a dhéanamh ar an méid a chuireann an earnáil le forbairt eacnamaíoch agus sóisialta.

Is é an tÚdarás um Ardoideachas (HEA) an comhlacht reachtúil agus an comhlacht forbartha d'ardoideachas agus do thaighde in Éirinn. Leithdháileann an Roinn maoiniú athfhillteach ar an HEA, agus déileálann an HEA le buiséid aonair na nOllscoileanna, na nInstitiúidí Teicneolaíochta agus le roinnt eile institiúidí ardoideachais ainmnithe. Chomh maith leis sin, tá an Roinn freagrach go díreach freisin maidir le hacmhainní a chur ar fáil do líon beag institiúidí ardoideachais. Déanann an Roinn maoiniú freisin ar sholáthar an infrastruchtúir atá riachtanach chun ardoideachas a chur ar fáil lena n-áirítear infrastruchtúr do thaighde.

D'aithin an Roinn seo ina Ráiteas Straitéise 2008-2010 na tosaíochtaí seo a leanas don ardoideachas agus don taighde:

- Cur le agus leathnú a dhéanamh ar rannpháirtíocht
- Seachadadh cláir a nuachóiriú
- Cáilíocht den scoth a bhaint amach ag gach aon leibhéal ó oideachas fochéimithe go leibhéil taighde níos airde ceathrú leibhéal.

CUSPÓIR 3.1:

Cur le cáilíocht an ardoideachais agus cur lena chumas freagairt níos fearr do riachtanais atá ag athrú.

Cuireadh €1.39bn ar fáil d'earnáil na nOllscoileanna agus d'earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta sa bhliain 2008. Áirítear leis seo caiteachas de €357m ar tháillí saor in aisce san earnáil tríú leibhéal.

Meicníocht mhaoinithe athfhillte athbhreithnithe in earnáil na hollscoile

Chríochnaigh an HEA céimniú isteach meicníocht athbhreithnithe i ndáil le maoiniú in earnáil na hollscoile sa bhliain 2008. Áirítear anseo foráil chun cion níos mó maoinithe a leithdháileadh ar institiúidí a bheidh bunaithe ar fheidhmíocht agus ar bhaint amach torthaí ar bhonn náisiúnta.

Ciste Nuála Straitéiseach(SIF)

Is ciste ilbhliantúil atá anseo, ar fiú €510 milliún é thar chúrsa an Plean Forbartha Náisiúnta 2007 – 2013, atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt do nuáil in institiúidí ardoideachais. Tacaíonn sé le cur chuigí nua le cáilíocht agus éifeachtacht a fheabhsú laistigh d'ardoideachas agus do thaighde, ina gcorpraítear leas níos éifeachtaí a bhaint as acmhainní atá ann cheana (lena n-áirítear acmhainní caipitil) chomh maith le maoiniú nua.

Faoin dara sraith de ghradaim SIF fógraíodh gradaim arbh fhiú thart ar €101 milliún iad i bhFeabhra na bliana 2008.

B'fhiú €16 milliún an caiteachas athfillteach faoin gciste seo sa bhliain 2008.

Tá tuilleadh mionsonraí maidir leis an gciste seo ar fáil ó láithreán gréasáin an HEA (www.hea.ie).

Infheistíocht in infrastruchtúr ardoideachais príomhshrutha

Lean an Roinn le clár infheistíochta in infrastruchtúr ardoideachais príomhshrutha, trí raon tionscadal a sheachadadh a chuireann saoráidí nua-aimseartha, agus oiriúnacha don fheidhm ar fáil. Caitheadh €60.7m ina iomláine ar infrastruchtúr príomhshrutha sa bhliain 2008.

Tugadh cúig mhórthionscadal chun críche sa bhliain 2008 rud a chuir 17,052m² de shaoráidí nua agus de shaoráidí feabhsaithe ar fáil do 2,075 mac léinn. Bhí dearadh á dhéanamh freisin le linn na bliana 2008 ar ocht mórthionscadal le hacmhainn chóiríochta nua agus fheabhsaithe de 44,820m² a chur ar fáil, agus bhí 10 dtionscadal breise dírithe ar 56,016m² a sheachadadh, ar an suíomh.

Cuireadh an Scéim Deontais Déabhlóidithe i bhfeidhm le linn na bliana 2008, rud a chuir €15m ar fáil do thionscadail mhionoibreacha m.sh. tionscadail faoi €3m, a bhaineann le cothabháil saoráidí sna hInstitiúidí Teicneolaíochta ar fad. Rinneadh maoiniú ar chúig cinn déag de thionscadail mionoibreacha le linn na bliana 2008.

Rinneadh leithdháileadh ar €270m faoi Chlár Comhpháirtíochta Phoiblí Phríobháideach (PPP) an Rialtais, chun 17 tionscadal tríú leibhéil nua a chur ar fáil ar 9 suíomh.

Cuireadh tús leis an bpróiseas réamh-sholáthair don 1ú agus don 2ú beart do thionscadail PPP tríú leibhéal sa bhliain 2008. Tá an 1ú beart comhdhéanta de shaoráidí leabharlainne in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Ollscoil Luimnigh agus in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, chomh maith le trí shaoráid nua in Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Tá an 2ú beart comhdhéanta do roinnt foirgneamh nua in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus in Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta.

Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Gormáin

Bunaíodh Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Gormáin i mí na Bealtaine 2006. Thug an Ghníomhaireacht dréachtadh Plean Straitéise agus Buiséad chun críche sa bhliain 2008, don fhorbairt atá beartaithe ar láthair Ghráinseach Gormáin. Áirítear sa Phlean Straitéise na

roghanna agus na costais ghaolmhara a bhaineann le campas Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT) a bhogadh chuig láthair Ghráinseach Gormáin chomh maith le moltaí a dhéanamh i ndáil le soláthar ar an láthair do na saoráidí sláinte iomchuí.

Athchóiriú agus leathnú Oideachas agus Oiliúint Liachta

Cuireadh tús le hathchóiriú agus leathnú oiliúint agus oideachas liachta d'fhochéimithe sa bhliain 2006, tar éis don Rialtas glacadh le tuarascáil dar teideal *Medical Education in Ireland a new Direction (the Fottrell Report).* Áirítear i measc na mbeart atá á bhfeidhmiú faoin gclár, méadú a chur ar iontógáil mhic léinn liachta Éireannacha/AE; athruithe ar an gcritéir iontrála do chúrsaí liachta agus tabhairt isteach clár iontrála do chéimithe agus leasú an churaclaim.

Mhol *Tuarascáil Fottrell* méadú ar chur ar áiteanna Éireannacha/AE sa liacht ó 305 go 725 thar thréimhse ceithre bliana. Tá iontógáil mhéadaithe a bhaint amach trí 180 áit fochéimithe breise a chur ar fáil agus tabhairt isteach clár nua iontrála sa liacht ag leibhéal céimí a chuirfidh 240 áit ar fáil.

Is mar seo a leanas a cuireadh áiteanna fochéimithe breise ar fáil i measc na gcúig scoil liachta atá ann cheana:

- bliain acadúil 2006/07 70 áit bhreise
- bliain acadúil 2007/08 40 áit bhreise
- bliain acadúil 2008/09 35 áit bhreise

Cuireadh tús leis an gclár iontrála do chéimithe sa liacht le linn na bliana acadúla 2007/08 nuair a cruthaíodh 60 áit nua. Cuireadh 60 áit chéimí ar fáil le linn na bliana acadúla 2008/09 agus tiocfaidh fás de 240 áit ar an méid áiteanna céimithe a bheidh ann faoi 2010/11. Áirítear air sin 95 áit i scoil liachta nua a bunaíodh in Ollscoil Luimnigh, rud a thugann líon iomlán na scoileanna liachta go sé.

Léirigh *Tuarascáil Fottrell* an gá atá ann le hinfheistíocht a fheabhsú in Oiliúint agus in Oideachas Liachta le freastal ar na caighdeáin oiliúna a bhfuiltear ag súil leo go hidirnáisiúnta agus mar fhreagra tá infheistíocht mhór geallta faoin bPlean Forbartha Náisiúnta. Tá thart ar €32m de mhaoiniú tiomanta breise curtha ar fáil tríd an Údarás um Ard-Oideachas ón mbliain 2006 ar mhaithe le hoideachas liachta, chun tacú leis an gclár leathnaithe agus chun soláthar a dhéanamh ar mhaithe le cliniceoirí acadúla a fhostú agus le leasú an churaclaim.

CUSPÓIR 3.2:

Méadú suntasach a chur ar líon na bPhDanna agus ar ghníomhaíocht taighde

An Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta (SSTI)

Is ionann an straitéis seo agus ceann de phríomhphiléir an Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013, agus is é treoirphlean an Rialtais é le hacmhainneacht nuála agus taighde na hÉireann a fhorbairt. Soláthraíonn an SSTI raon clár tacaíochta feadh roinnt Ranna Rialtais agus is é an aidhm atá leis ná scála agus cáilíocht an taighde a dhéantar in Éirinn in earnáil an ardoideachais, san earnáil phoiblí agus in earnáil na fiontraíochta a fheabhsú.

Tacaíonn an Roinn le roinnt clár faoin SSTI, lena n-áirítear an Clár Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéil agus scéimeanna gradaim na Comhairle um Thaighde san Eolaíocht, san Innealtóireacht agus sa Teicneolaíocht agus Comhairle Taighde na hÉireann do na Daonnachtaí agus do na hEolaíochtaí Sóisialta araon.

Tá sprioc an SSTI maidir le dúbailt a dhéanamh ar sholáthar PhDanna faoin mbliain 2013 ag dul chun cinn go suntasach. Meastar go seasann soláthar céimithe PhD don bhliain 2008 ag 1,100, méadú de thart ar 300 (nó 37.5%) ón mbliain 2005.

Clár Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI)

Is é Chlár Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI) an clár taighde is suntasaí a fhaigheann tacaíocht ón Roinn. Tacaíonn sé le cur le hacmhainn taighde straitéiseach institiúideach, a chumasaíonn bunú saoráidí agus lárionaid thaighde; agus cláir thaighde i gcomhar agus tionscnaimh náisiúnta. Tugadh isteach an PRTLI isteach sa bhliain 1998 agus ceadaíodh tionscadail arbh ionann iad agus luach iomlán de €865m faoi na ceithre sraithe a bhí sa chlár.

Fuair an PRTLI maoiniú caipitiúil de €40m i rith na bliana 2008. Bhíothas ag súil leis an gcuid ba mhó i Sraith 4 den chlár, comhdhéanta de 43 tionscadal aonair a chuir 18,342m² de spás taighde nua ar fáil chomh maith le trealamh taighde.

Scéim Feabhsúcháin do Shaoráidí Taighde

Seoladh an Scéim seo le linn na bliana 2008 chun an soláthar taighde atá ann cheana laistigh d'institiúidí ardoideachais a fheabhsú agus a athchóiriú. Cuireadh maoiniú de €54.3m ar fáil do 20 institiúid ardoideachais le linn na bliana 2008, le cur ar a gcumas trealamh nua agus trealamh uasghrádaithe a cheannach.

An Chomhairle um Thaighde san Eolaíocht, san Innealtóireacht agus sa Teicneolaíocht (IRCSET)

Is comhlacht monatóireachta agus maoinithe taighde atá neamhspleách agus uathrialach é an IRCSET a chuireann taighde innealtóireachta agus eolaíochta chun cinn in Éirinn. Feidhmíonn sé tionscnaimh maoinithe, a thacaíonn le taighdeoirí tréitheacha atá ag tosú amach ar a ngairm feadh leibhéil Máistreachtaí, Dochtúra agus Iardhochtúireachta sna heolaíochtaí, san innealtóireacht agus sa teicneolaíocht. Tá na tionscnaimh seo deartha lena chinntiú go mbeidh ar chumas na hÉireann a bheith mealltach mar láthair idirnáisiúnta do thaighde ardleibhéil. Is ar thaighde turgnamhach atá dírithe ar choincheapa, torthaí agus nuálaíochtaí a chur ar fáil laistigh d'Éirinn atá an bhéim ag a chuid clár maoinithe.

Cuirtear maoiniú ar fáil trí shraith glaonna iomaíocha ar Iarratasóirí. Tá an roghnú maidir leis an maoiniú bunaithe ar fhiúntas agus déanann painéil mheasúnaithe neamhspleácha maoirseacht ar an bpróiseas cinnteoireachta.

An Chomhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS)

Bunaíodh an IRCHSS sa bhliain 2000, cuireann sé maoiniú ar fáil do thaighde ceannródaíoch sna dána agus sna heolaíochtaí sóisialta lena n-áirítear gnó agus dlí. Feidhmíonn an IRCHSS sraith de scéimeanna taighde idirnasctha, lena n-áirítear Scéim Scoláireachta Iarchéime Rialtas na hÉireann.

Taighde in Earnáil na Teicneolaíochta

Níl maoiniú ar fáil ach amháin do na hInstitiúidí Teicneolaíochta agus d'Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Tá trí shnáithe ann:

- Scileanna Forbartha agus Taighde Iarchéime: Oiliúint i scileanna Taighde agus Forbartha do chéimithe as a leanann Céim Mháistreachta. Is é an aidhm atá leis seo cur le líon na gcéimithe atá ard-oilte le cur ar chumas tionscail a bheith iomaíoch agus fanacht iomaíoch
- Clár Ardáin Fiontraíochta: cláir oiliúna do chéimithe sa bhfiontraíocht lena mbaineann oideachas/oiliúint fiontraíochta agus comhairle/meantóireacht ó ghnó agus ó thionscail
- Feabhsú a dhéanamh ar Chroí-Láidreachtaí Taighde: Tacú le hacmhainn taighde a fhorbairt in Institiúidí Teicneolaíochta.

HEAnet

Cuireann HEAnet Seirbhísí Idirlín atá ar ardchaighdeán ar fáil d'Ollscoileanna Éireannacha agus d'Institiúidí Teicneolaíochta agus don phobal oideachais agus taighde níos leithne. Cuireann sé nascacht dhíreach ar fáil dá chuid pobal agus do líonraí eile in Éirinn, san Eoraip, i Stáit Aontaithe Meiriceá agus sa chuid eile den domhan. Tá na seirbhísí a chuireann HEAnet ar fáil ríthábhachtach mar bhonn taca do ghníomhaíocht taighde in Éirinn – tá rochtain ardluais riachtanach má tá Éire le leanúint le bheith chun tosaigh go hidirnáisiúnta i bhforbairtí sa taighde agus sa teicneolaíocht.

Sa bhreis ar institiúidí tríú leibhéal, cuireann HEAnet seirbhísí idirlín ar fáil do líon comhlachtaí eile ar nós Scoileanna, an Lár-Oifig Iontrála (CAO), an Bord Taighde Sláinte, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus don ESRI. Chomh maith le croímhaoiniú ón Roinn seo, tá na cliaint ar fad faoi réir ag táille síntiúis.

Ríomhleabharlann Taighde na hÉireann (IReL)

Is leabharlann taighde leictreonach é an IreL atá á maoiniú go náisiúnta, cuireann sí rochtain ar líne ar fáil ar airteagail lántéacs ó na mílte foilseachán athbhreithnithe piaraí atá ar cháilíocht idirnáisiúnta feadh raon disciplíní. Rinne Fondúireacht Eolaíochta Éireann maoiniú ar irisí eolaíochta agus teicneolaíochta ó 2007 go 2009, agus rinne an Roinn maoiniú ar irisí na ndána agus na n-eolaíochtaí sóisialta.

An Lárionad Idirnáisiúnta d'fhorbairt Áitiúil agus d'Fhorbairt Réigiúnach (ICLRD)

Is Comhpháirtíocht Thuaidh-Theas-Stát Aontaithe é an ICLRD a thugann saineolaithe ceannródaíoch i bhforbairt réigiúnach agus áitiúil, tithíocht agus pleanáil spáis ó Ollscoileanna agus ó ionaid thaighde le chéile. Is iad spriocanna an Ionaid taighde a chur chun cinn mar shár-chleachtais i bpleanáil spáis agus i bhforbairt eacnamaíochta agus cláir thógála acmhainne a fhorbairt d'oifigigh poiblí, do cheannairí cathrach, d'eagraíochtaí neamhrialtais agus do chleachtóirí eile.

ACHOIMRE AR CHAITEACHAS I RITH NA BLIANA 2008	
Coláiste	***Caiteachas 2008 €m***
PRTLI	14.22
IRCSET	25.56
IRCHSS	12.69
Taighde in Earnáil na Teicneolaíochta	8.15
HEAnet	10.24
Ríomhirisí (IReL)	4.28
ICLRD	0.40

CUSPÓIR 3.3:

Cur chun cinn ar dhéanamh ar rochtain don ardoideachas go háirithe do ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht agus deiseanna foghlama solúbtha a chur ar fáil.

Tá an Roinn freagrach as an bhforbairt a stiúradh i ndáil leis an mbeartas náisiúnta ar chothromas rochtana don ardoideachas do gach mac léinn go háirithe i measc na ngrúpaí sin atá ar ghannionadaíocht san earnáil faoi láthair. Chuige sin tugann an Roinn tacaíocht do raon bearta tiomnaithe, a éascaíonn leibhéal níos mó rannpháirtíochta do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste, do mhic léinn aibí agus do mhic léinn faoi mhíchumas.

Tacaíochtaí Airgeadais

Soláthraítear an phríomhthacaíocht, i dtéarmaí airgeadais, faoi cheithre scéim deontais do mhic léinn, a chuireann cúnamh airgeadais ar bhonn tástála maoine ar fáil do mhic léinn san ardoideachas agus sa bhreisoideachas. Is Scéimeanna Deontais Ardoideachais iad seo, Scéim Scoláireachta na gCoistí Gairmoideachais, an Scéim Dheontas Cothabhála Tríú Leibhéal d'Oiliúnaithe agus an Scéim Dheontas Cothabhála do Mhic Léinn a fhreastalaíonn ar Chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta. Is iad na húdaráis áitiúla agus na Coistí Gairmoideachais éagsúla a riarann na scéimeanna sin. Ba €3,420 uasmhéid an ghnáthdheontais cothabhála don bhliain acadúil 2008/09. Fuair mic léinn a cháiligh don ghnáthdheontas neamhthadhlach, móide ráta speisialta deontais chothabhála, €6,690. Sa bhliain 2008, fuair 54,666 mac léinn deontais faoi na ***Scéimeanna Deontais do Mhic Léinn*** ar chostas comhcheangailte de €264m.

Is deontas sainiúil ag ráta speisialta de dheontas cothabhála atá iníoctha le mic línn cáilithe anuas ar an leibhéal is airde den deontas rialta, é an deontas seo. Íoctar an mhéid bhreise le mic léinn incháilithe ó chúlraí ar ioncam íseal áirithe. Feidhmíonn an ráta speisialta i ngach scéim dheontais chothabhála. B'ionann caiteachas ar an ráta speisialta de dheontas cothabhála agus €44m sa bhliain 2008 agus tá sé sin san áireamh san €264m atá luaite thuas.

Ceadaíodh €5m don ***Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn,*** le linn na bliana acadúla 2008/09, cuireann an ciste sin cúnamh airgeadais ar fáil do mhic léinn lánaimseartha san ardoideachas a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu agus iad ag freastal ar choláiste. Féadfaidh mic léinn iarratas a dhéanamh ar chúnamh le cabhrú leo teacht ó dheacrachtaí airgeadais, cibé ar deacrachtaí sealadacha nó deacrachtaí leanúnacha iad.

Cuireann an ***Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas*** maoiniú ar fáil do choláistí ardoideachais nó do choláistí breisoideachais le seirbhísí agus tacaíochtaí a sholáthar do mhic léinn lánaimseartha atá faoi mhíchumas. Tá sé mar aidhm ag an gCiste a chinntiú go mbeidh sé ar chumas mic léinn a bheith rannpháirteach go hiomlán sna cláir acadúla agus nach mbeidh siad faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar a gcuid míchumais. Ceadaíodh leithdháileadh iomlán de €10m faoin scéim seo chun tacú le mic léinn. Bhain os cionn 3,000 mac léinn tairbhe as an gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas le linn na bliana acadúla 2007/08, trí iarratais aonair agus trí iarratais grúpa araon.

Cuireann ***Ciste Comhpháirtíochta na Mílaoise*** foinse mhaoinithe breise ar fáil sa bhreis ar scéimeanna ar nós an Deontais Cothabhála nó an Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn. Cuireadh os cionn €2.18m ar fáil faoin gciste seo le linn na bliana acadúla 2008/09. Is iad POBAL a riarann an ciste seo agus táthar ag súil go mbeidh 56 pobal agus comhpáirtíochtaí ceantair ag baint

tairbhe as an leithdháileadh seo. Bhain 3,645 duine leas as an gciste seo le linn na bliana acadúla 2007/08.

Seoladh an láithreán gréasáin ar thacaíochtaí airgeadais do mhic léinn www.studentfinance.ie i mí Eanáir na bliana 2008. Cuireann an láithreán gréasán seo eolas cuimsitheach maidir le raon scéimeanna tacaíochta airgeadais ar fáil lena n-áirítear an Deontas Cothabhála, an Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn agus an Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas.

Soláthraíonn an Roinn freisin roinnt deiseanna scoláireachta tríú leibhéal, lena n-áirítear scoláireachtaí a dhírítear ar cheantair atá faoi mhíbhuntáiste. Fuair 250 mac léinn scoláireachta le linn na bliana acadúla 2008/09. Ba €1.25m an caiteachas iomlán sa bhliain 2008.

Bhain 18 mac léinn tairbhe as na Scoláireachtaí Ollscoile Eorpacha le linn na bliana acadúla 2007/08. Ba €512,000 an caiteachas iomlán ar Scoláireachtaí Ollscoile Eorpacha le linn na bliana 2008.

Bille um Thacaíocht Mac Léinn

Seoladh an Bille seo, atá mar thaca agus a thacaíonn le beartas an Rialtais chun cothromas rochtana a fheabhsú don ardoideachas agus don bhreisoideachas, an 5ú Feabhra 2008. Tugadh an Dara Céim den Bhille chun críche sa Dáil an 30ú Aibreán 2008. Forálann an Bille seo do bhonn reachtúil aonair maidir le gach deontas do mhic léinn, a dhaingníonn na ceithre scéim reatha in aon scéim aonair amháin do mhic léinn atá ag freastal ar chúrsaí ardoideachais agus ar chúrsaí iar-ardteistiméireachta.

Forálann an Bille go dtabharfaí an fhreagracht aonair maidir le riaradh na scéime deontais aontaithe aonair do na Coistí Gairmoideachais.

Tá an Roinn i dteagmháil le hearnáil na gCoistí Gairmoideachais chun infrastruchtúr riachtanach a fhorbairt le scéim atá lánpháirtithe go hiomlán a fheidhmiú agus le córas riaracháin atá níos comhtháite a sholáthar a éascóidh comhleanúnachas maidir le hiarratais, a fheabhsóidh inrochtaineacht cliant agus a chinnteoidh seachadadh éifeachtúil deontais dóibh siúd is mó a dteastaíonn sé uathu.

An Oifig Náisiúnta maidir le Cothromas Rochtana ar Oideachas Tríú Leibhéal (An Oifig Náisiúnta)

Lean an Roinn sa bhliain 2008 le maoiniú a sholáthar don oifig seo a dhéanann riaradh ar roinnt beart rochtana thar ceann na Roinne.

I mí Iúil na bliana 2008, d'fhoilsigh an oifig *Plean Náisiúnta 2008-2013 chun Cothromas Rochtana ar Ard-Oideachas a Bhaint Amach.* Rinneadh an plean seo a tharraingt suas i gcomhpháirtíocht leis an Roinn agus i ndlúthchomhairle le hÚdarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann agus le cleachtóirí rochtana sna hinstitiúidí ardoideachais. Soláthraíonn an plean seo meastóireacht ar an dul chun cinn, aithnítear dúshláin, tugtar breac chuntas maidir le cuspóirí beartais agus leagtar síos spriocanna dúshlánacha, ach ar spriocanna réalaíocha iad freisin, a thagann le creat ama agus le cuspóirí an Phlean Forbartha Náisiúnta reatha.

Sprioc Ardleibhéil a Ceathair:

"Tacú le seachadadh agus forbairt oideachais trí cheapadh beartais, trí phleanáil ar ardchaighdeán agus trí fhócas láidir ar chustaiméirí"

Cuid 04

Seirbhísí a Fheabhsú agus a Fhorbairt

Cuid a Ceathair

Seirbhísí a Fheabhsú agus a Fhorbairt

SPRIOC ARDLEIBHÉIL A CEATHAIR:

Tacú le seachadadh agus forbairt oideachais trí cheapadh beartais, trí phleanáil ar ardchaighdeán agus trí fhócas láidir ar chustaiméirí.

Comhthéacs

Is iad tosaíochtaí na Roinne thar thréimhse an Ráitis Straitéise 2008-2010 ná:

- an tseirbhís a sheachadaimid a fheabhsú agus a fhorbairt
- beartais don chóras oideachais a fhorbairt agus a athbhreithniú
- leanúint ar aghaidh ag cur chlár oibre nuachóirithe i bhfeidhm
- clár díláraithe an Rialtais a chur i bhfeidhm

CUSPÓIR 4.1:

Beartais éifeachtúla a sheachadadh chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá ann cheana féin agus ar na dúshláin a bheidh ag teacht chun cinn san earnáil oideachais

Pleanáil agus athbhreithniú beartais

Tá forbairt beartais mar chuid lárnach de sheirbhísí na Roinne. Tacaíonn an Roinn le taighde, le meastóireacht agus le pleanáil chun creat beartais éifeachtach a chinntiú.

Tá taighde agus roinnt sárchleachtais an-tábhachtach maidir leis an bpróiseas forbartha beartais. Leanadh ar aghaidh le fiche tionscadal taighde. Foilsíodh mionbhriseadh síos ar thaighde a rinne nó a choimisiúnaigh an Roinn agus comhlachtaí náisiúnta eile ó 2000 ar láithreán gréasáin na Roinne in 2008.

Straitéis Sonraí

Tá úsáid níos fearr á baint as sonraí atá ann cheana, chomh maith le foinsí eolais atá nua agus riachtanach a thabhairt isteach, mar phríomhsprioc ag an Roinn, agus í ag iarraidh seirbhísí a chur ar fáil i dtimpeallacht atá ag éirí níos éagsúla agus níos dúshshlánaí. Cuireann Straitéis Sonraí na Roinne go mór le forbairt leanúnach an bhunúis fianaise do bheartais oideachais sna blianta atá amach romhainn. In 2008, rinneadh obair shuntasach maidir le Bunachar Sonraí Staitisticí Oideachais ar líne, idirghníomhach a bhunú. Beidh an bunachar sonraí seo, a sheolfar

go luath in 2009, ar fáil ar láithreáin gréasáin na Roinne agus ar cheann an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO).

Luach ar Airgead agus Athbhreithniú Beartais

Tá Tionscnamh Luach ar Airgead agus Athbhreithniú Beartais an Rialtais mar chuid de chreat a tugadh isteach chun luach ar airgead níos fearr ó chaiteachas poiblí a bhaint amach. Is iad cuspóirí an Tionscnaimh Luach ar Airgead agus Athbhreithniú Beartais ná anailís a dhéanamh ar chaiteachas an Státchiste ar bhealach córasach agus bunús a chur ar fáil ar a bhféadfaí cinntí níos eolasaí a dhéanamh maidir le tosaíochtaí laistigh de cláir agus idir cláir. Tá sé seo ar cheann de raon de thionscnaimh nuachóirithe atá dírithe ar bhainistiú na hearnála poiblí a bhogadh ón bhfócas traidisiúnta ar ionchuir chun díriú ar thorthaí a bhaint amach.

Chríochnaigh agus d'fhoilsigh an Roinn cúig Athbhreithniú Luach ar Airgead in 2008:

- Athbhreithniú ar Chlár Scileanna ICT Fochéimithe
- Athbhreithniú ar Thionscadail Chomhchaidrimh don Ógra
- Athbhreithniú ar Sheirbhísí Tacaíochta ICT do Scoileanna
- Athbhreithniú ar Chláir atá á mbainistiú ag an Rannóg Oideachais Múinteoirí
- Athbhreithniú ar Ionaid Oiliúna Youthreach agus Ionaid Oiliúna don Lucht Siúil Sinsearach.

Forbairt ar mhúnla nua de phátrúnacht bunscoile

I Meitheamh 2008, thionóil an tAire Oideachais agus Eolaíochta comhdháil ar Governance *Challenge for Future Primary School Needs.* Is deis a bhí sa chomhdháil do na príomhchomhlachtaí pátrúin a bhfís a leagan amach maidir le conas ba chóir don chóras fás i gcomhar, chun freagairt do chúinsí sochaíocha atá ag athrú.

Cuireadh tús le céim phíolóta an mhúnla nua den Scoil Náisiúnta Pobail i Meán Fómhair 2008 in dhá scoil nua i mBaile Átha Cliath 15. Is é an mórthréith a bheidh ag na Scoileanna Náisiúnta Pobail, Scoil Ghráinne i mBaile Fiobail agus Scoil Choilm i mBaile an Phóirtéaraigh, ná aetas uilechuimsitheachta, comhionannais agus chomhchuibhis, agus beidh meas ar gach leanbh agus gach duine de phobal na scoile agus caithfear leo le hómós. Beidh na scoileanna ilchreidmheach agus cuirfidh siad fáilte roimh leanaí ó gach creideamh nó leanaí nach bhfuil creideamh ar bith acu agus beidh meas orthu. Aithneoidh siad mianta na dtuismitheoirí go bhfaighidh a leanaí oideachas bunaithe ar chreideamh agus ar mhoráltacht, nó múnlú creidimh, laistigh den lá scoile. Tá an tiomantas seo, laistigh de thimpeallacht ilchreidmheach, mar ghné shainiúil thábhachtach den mhúnla.

Cáilíochtaí

Tacaíonn an Roinn le hÚdarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI) agus le Comhairlí na nDámhachtainí Breisoideachais, Ardoideachais agus Oiliúna (FETAC agus HETAC) maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm Chreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí a chur chun cinn, deimhniú cáilíochta a thabhairt do raon leathan soláthair breisoideachais, ardoideachais agus oiliúna agus dámhachtainí a bhronnadh ar fhoghlaimeoirí.

In 2008, chuir an NQAI tús le hathbhreithniú mór ar Chur i bhFeidhm agus ar Thionchar Chreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí. Críochnaíodh mórphróiseas comhairliúcháin phoiblí i mí na Samhna. Foilseofar torthaí an athbhreithnithe in 2009.

Thug FETAC isteach sraith nua nósanna imeachta do mheasúnachtaí dearbhaithe cáilíochta a bhain dámhachtainí amach in 2008. Tá siad á leathadh amach thar sholáthróirí FETAC.

Chuir HETAC tús le sraith nua athbhreithnithe ag leibhéal institiúidí maidir le hInstitiúidí Teicneolaíochta agus soláthróirí creidiúnaithe HETAC eile in 2008.

Fógraíodh cónascadh an NQAI, HETAC agus FETAC i mBuiseád 2008 i mí Deireadh Fómhair, mar chuid de chlár an Rialtais chun gníomhaireachtaí a chuíchóiriú. Glacfaidh an eagraíocht nua freagracht chomh maith as athbhreithniú dearbhaithe cáilíochta seachtrach a dhéanamh ar ollscoileanna, feidhm a dhéanann Bord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann (IUQB) agus an tÚdarás um Ardoideachais (HEA) faoi láthair. Tagraíonn fógra an bhuiséid chomh maith don fhéadachtáil atá ann roinnt feidhmeanna bainteacha de chuid Ollscoil na hÉireann (NUI) a chur san áireamh san eagraíocht nua. In 2008, bhunaigh an Roinn Grúpa Comhairleach Feidhmiúcháin chun comhairle a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm an chinnidh agus tosaíodh comhráite leis an NUI. Meastar go gcuirfear an cónascadh i gcrích in 2010.

In 2008, bhronn FETAC dámhachtainí ar níos mó ná 130,000 duine, eisíodh 22,100 dámhachtain de chuid HETAC agus phróiseáil an NQAI níos mó ná 2,000 iarratas maidir le cáilíochtaí coigríche a aithint.

Chomh maith leis sin, cuireadh trasuíomh Threoir Aontas na hEorpa ar Aitheantas Frithpháirteach na gCáilíochtaí Gairmiúla i gcrích don chuid is mó agus rinne an tAire rialacháin i mí Iúil 2008.

Lánpháirtiú

Tá Aonad Lánpháirtithe na Roinne freagrach as cur le forbairt an bheartais oideachais sa réimse lánpháirtithe agus comhordú a dhéanamh, mar is cuí, ar fhreagairtí na Roinne ar riachtanais oideachais na ndaoine nua chun cáilíocht, ábharthacht agus uilechuimsitheacht a chur chun cinn d'fhoghlaimeoirí nua.

Ag teacht as na Gníomhartha d'Oideachas a aithníodh sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta in aghaidh an Chiníochais, 2005-2008, tá an Roinn ag forbairt straitéis oideachas idirchultúrtha (IES) faoi láthair. I nDeireadh Fómhair 2008, thionóil an Roinn comhdháil, i gcomhar leis an gCoiste Comhairleach Náisiúnta ar Chiníochas agus Idirchultúrachas, chun tús a chur leis an bpróiseas comhchomhairle don IES. I Samhain agus i Nollaig 2008, tionóladh seacht gcomhchomhairle dírithe ar phríomhchomhpháirtithe oideachais, d'fhreastail níos mó ná 200 toscaire ar na cruinnithe sin agus fuarthas níos mó ná 50 aighneacht i scríbhinn. Tá obair ag leanúint ar aghaidh ar straitéis a dhréachtú agus meastar é sin a bheith críochnaithe go luath in 2010.

In 2008, chríochnaigh an Roinn an tuarascáil cúlra agus d'eagraigh sí cuairt tíre d'fhoireann ón OECD "Thematic Review of Migrant Education". Le linn na cuairte chas an fhoireann le príomhpháirtithe leasmhara oideachais. Tá an tuarascáil tíre ar Éirinn le foilsiú roimh dheireadh 2009. Tá an tuarascáil ilchodach a chlúdaíonn gach tír atá páirteach, Éire, An Danmhairg, An Ísiltír, An Iorua, An Ostair agus An tSualainn le foilsiú in Earrach 2010.

Chuir an Roinn isteach freagairt oifigiúil chuig an gCoimisiún Eorpach i Nollaig 2008, maidir leis an ***"EU Green Paper - Migration and Mobility": Challenges and Opportunities for EU Education Systems".*** Cinnfidh sé seo an plé agus an foirmliú beartais maidir le foghlaimeoirí nua a lánpháirtiú i gcórais oideachais na hEorpa. In 2008 freisin, reáchtáil an Roinn seisiún

mioneolais don fhoireann ambasáide ar chóras oideachais bunscoile agus iarbhunscoile na hÉireann agus ar aitheantas cáilíochtaí in Éirinn.

CUSPÓIR 4.2:

Tacú le nuachóiriú na hearnála oideachais trí phróiseas comhpháirtíochta a chuireann deachleachtais caidreamh tionsclaíoch chun cinn.

Cuireann an Roinn deachleachtais caidreamh tionsclaíoch chun cinn ar fud earnáil an oideachais agus spreagfaimid nuachóiriú na hearnála trí phróiseas comhpháirtithe, agus tacóimid leis an nuachóiriú sin. Déantar é sin trí:

- Chomhairle a thabhairt d'institiúidí ar chur i bhfeidhm agus ar riachtanais fhíoraithe an chláir oibre nuachóirithe don earnáil oideachais, mar atá leagtha amach i gcomhaontuithe comhpháirtíochta sóisialta
- Chomhairle a thabhairt do ghrúpaí cliant ar chaidrimh thionscail agus ar shaincheisteanna maidir le reachtaíocht fostaíochta
- Chóras ceadaithe pá agus liúntais a fheidhmiú do gach grád
- Phróiseas fíoraithe feidhmíochta a chomhordú agus a eagrú trí Ghrúpa Fíoraithe Feidhmíochta na hEarnála Oideachais.

Ag teacht le téarmaí an Chomhaontaithe *I dTreo 2016,* comhaontaíodh socruitheathbhreithnithe d'ardú céime chuig poist fhreagrachta i scoileanna ag an gcéad agus an dara leibhéal chomh maith le nósanna imeachta athbhreithnithe maidir le múinteoirí a chur ar fionraí nó a dhífhostú in 2008 ag an gComhairle Eadrána do Mhúinteoirí.

Comhaontaíodh agus eisíodh conarthaí fostaíochta caighdeánacha do mhúinteoirí ar chonradh téarma seasta i rith na bliana.

Chríochnaigh Grúpa Fíoraithe Feidhmíochta na hEarnála Oideachais (ESPVG) measúnuithe roimh na harduithe pá i Márta agus i Meán Fómhair 2008 dá bhforáiltear i gcomhaontú pá náisiúnta *I dTreo 2016.* Go ginearálta, thuairiscigh institiúidí comhoibriú leanúnach le solúbthacht agus athrú leanúnach, feidhmiú sásúil chlár oibre an nuachóirithe, cothabháil caidrimh thionsclaíoch sheasmhaigh agus gan aon ghníomh tionsclaíoch a bheith ann sna réimsí atá clúdaithe ag *I dTreo 2016.*

Cuireadh íocaíocht bhabhta ginearálta na n-arduithe i Márta agus i Meán Fómhair 2008, dá bhforáiltear *I dTreo 2016,* i bhfeidhm do na gráid oideachais a chomhlíon na forálacha agus téarmaí an Chomhaontaithe.

CUSPÓIR 4.3:

Tacú leis an bhfoireann agus í a fhorbairt agus feabhas leanúnach a lorg in éifeachtúlacht, luach agus caighdeán ár seirbhísí.

Tacaíochtaí ICT

Braitheann an Roinn ar roinnt chóras ICT chun tacú le príomhfheidhmeanna gnó agus in 2008 rinneadh na bogearraí atá mar bhonn leis na mórchórais ar fad (lena n-áirítear Párolla na Múinteoirí/córais AD agus Bunachar Sonraí Daltaí Iarbhunoideachais) a uasghrádú chomh maith leis na crua-earraí don Chóras Bainistíochta Airgeadais.

Críochnaíodh roinnt feabhsuithe ar an gCóras Éileamh ar Líne agus ar chórais Párolla na Múinteoirí/AD agus cuireadh i bhfeidhm seirbhís ar líne chun a chur ar chumas scoileanna iarbhunoideachais sonraí a uaslódáil go slán. Neartaíodh an t-infrastruchtúr a thacaíonn le seirbhísí ar líne do scoileanna agus feabhsaíodh bearta slándála.

Bunaíodh Rannóg Ailtireachta Fiontair laistigh den Aonad IT chun straitéis theicniúil nua a fhorbairt agus lena chinntiú go ndéantar forbairtí ICT a dhearadh ó pheirspictíocht chorparáideach agus tacaíocht a thabhairt chun cuspóirí gnó na Roinne a bhaint amach.

Oiliúint agus Forbairt Foirne

Téann an Roinn i gcomhchomhairle leis an bhfoireann agus leis an mbainistíocht ó thaobh riachtanas oiliúna a aithint agus tacaíonn sí le raon leathan clár oiliúna agus forbartha don fhoireann. Tá tacaíocht ar fáil don Chigireacht, don tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS), don Aonad Pleanála agus Tógála (PBU) agus don Aonad IT maidir lena riachtanais oiliúna gairmiúla agus teicniúla sonracha.

Cuireadh os cionn 3,300 lá oiliúna ar fáil in 2008, i réimsí lena n-áirítear, oiliúint ionduchtúcháin do chomhaltaí nua foirne, dlí fostaíochta, forbairt bainistíochta sinsearaí, oiliúint (úsáideoir deiridh) IT, bainistiú taifead agus bainistiú airgeadais. Lean an Roinn ar aghaidh ag tabhairt tosaíochta d'oiliúint bainistíochta chun cur lena cumas freastal a dhéanamh ar dhúshláin nua a bhíonn ag teacht chun cinn go cuí. D'fhreastail céad seasca comhalta foirne ag an leibhéal bainistíochta líonraí gráid dhá lá do mheánbhainisteoirí agus do bhainisteoirí sinsearacha in 2008.

D'fhreastail os cionn 200 comhalta foirne ar oiliúint bainistíochta airgeadais lena n-áirítear bainistíocht airgeadais poiblí, iniúchadh, CBL, cáin shiarchoinneála agus oiluint Sócmhainní. Sa bhreis ar oiliúint agus forbairt eagraithe, lean an Roinn ar aghaidh ag cothú cultúr foghlama trí thacaíocht a sholáthar do chomhaltaí foirne a fhreastalaíonn ar chúrsaí breisoideachais le linn a gcuid ama féin.

Mar chéatadán de chostais phárolla, ba é an caiteachas ar oiliúint agus forbairt foirne in 2008 ná 2.88%.

CUSPÓIR 4.4:

Bainistiú a dhéanamh ar fhreagra na Roinne maidir le tionscnaimh chun drochúsáid leanaí i bhforais chónaitheacha a chúiteamh

An Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú

Comhlíonann an Roinn dhá ról mar urraitheoir agus mar fhreagróir i gcás an Choimisiúin chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú, a bunaíodh i mBealtaine 2000 chun fiosrú a dhéanamh ar chúiseanna, ar chineál, ar chúinsí agus ar mhéid na drochúsáide ar leanaí i scoileanna saothair agus ceartúcháin agus i bhforais eile.

I rith 2008, chuir an Roinn tuilleadh eolais agus soiléirithe ar fáil don Choimisiún maidir le roinnt saincheisteanna a bhaineann le fiosrúchán an Choimisiúin. Thabhaigh an Roinn caiteachas de €15.69m maidir leis an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú in 2008. Ba é an caiteachas iomlán a rinneadh ar an gCoimisiún faoi dheireadh 2008 ná €59.36m.

An Bord um Shásamh i leith Foras Cónaithe

Cuireann an Roinn maoiniú agus tacaíocht ar fáil don Bord um Shásamh i leith Foras Cónaithe, a bunaíodh i Nollaig 2002, chun dámhachtainní airgeadais a chur ar fáil d'íospartaigh drochúsáid leanaí i bhforais chónaitheacha.

In 2008, rinneadh dul chun cinn breise ó thaobh dámhachtainí a mheas agus a íoc faoin scéim sásaimh. Phróiseáil an Bord um Shásamh 2,382 iarratas ag tabhairt líon iomlán na n-iarratas a próiseáladh faoi dheireadh 2008 go 12,304. D'íoc an Roinn €159.1m de dhámhachtainí sásaimh agus costais ghaolmhara le linn 2008. Ba é an caiteachas carnach faoi dheireadh 2008 ná €904.7m.

An Bord Airgeadais Oideachais

Tacaíonn an Roinn le ról an Bhoird Airgeadais Oideachais a bunaíodh i Feabhra 2006 chun deontais oideachais a chur ar fáil d'iarchónaitheoirí na bhforas agus a dteaghlaigh.

In 2008, cheadaigh an Bord Airgeadais Oideachais deontais i leith 1,526 iarchónaitheoir agus a dteaghlaigh agus chaith an Bord thart ar €1.637m ar dheontais oideachais. Is é an t-iarmhéid a bhí ar fáil don Bhord ag deireadh 2008 ná €7.35m chun deontais oideachais a chur ar fáil d'iarchónaitheoirí agus a dteaghlaigh amach anseo.

Iarratais Saorála Faisnéise maidir le hiarchónaitheoirí

I rith 2008, phróiseáil an Roinn 227 iarratas saorála faisnéise ar thaifid ó iarchónaitheoirí na scoileanna saothair agus foras eile. Tugann sé sin an líon iomlán d'iarratais den sórt sin a phróiseáil chuig an Roinn faoi dheireadh 2008 go dtí 11,793. Tháinig fiosruithe breise chun cinn i níos mó ná 140 cás ar déileáladh leo roimhe sin faoin Acht.

Comhairle agus Tacaíocht

Lean an Roinn ar aghaidh ag cur maoiniú de thart ar **€1.25** milliún ar fáil in 2008 do sheirbhísí comhairle agus tacaíochta d'iarchónaitheoirí na bhforas.

CUSPÓIR 4.5:

Ag cur leis an bhforbairt ar:

- ***chomhoibriú Thuaidh Theas trí fhaisnéis agus fhoghlaim agus chomhghníomh a mhalartú i réimsí comhaontaithe de leas comhchoiteann***
- ***oideachas trí chomhoibriú agus dhéanamh cinntí ag leibhéal an AE agus go hidirnáisiúnta***

Comhoibriú Thuaidh Theas

Déanann an Roinn idirchaidreamh le Rúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus leis An Roinn Oideachais, Tuaisceart Éireann, maidir le cruinnithe na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas (NSMC) i bhFórmáid Rannach Oideachais agus comhordaíonn sí forbairtí i gconarthaí déthaobhacha le hoifigigh sa Roinn Fostaíochta agus Foghlama agus sa Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann. Forbraíonn agus riarann an Roinn (lena n-áirítear tacaíocht mhaoinithe) tionscnaimh chomhoibrithe idir an Ríocht Aontaithe, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Éire, Thuaidh agus Theas, lena n-áirítear Clár Scoláireachta George Mitchell.

Tionóladh an séú agus an seachtú cruinniú de chuid an NSMC i bhFórmáid Rannach Oideachais faoi seach i nDún Pádraig, Co. an Dúin (Bealtaine 2008) agus i mBaile Átha Cliath (Nollaig 2008). Ag an dá chruinniú, rinne Airí athbhreithniú agus plé ar chomhoibriú Thuaidh Theas sna réimsí seo a leanas; Tearcghnóthachtáil Oideachasúil, Cáilíochtaí Múinteoirí agus Aoisliúntas Múinteoirí, Riachtanais Oideachais Speisialta agus Malartú Scoile, Ógra agus Múinteoirí.

In 2008, thosaigh an dá Roinn Oideachais ag cur tuarascála Chomhathbhreithniú Thuaidh/Theas *ar Mhalartuithe Oideachais agus Meicníochtaí Tacaíochta* i bhfeidhm. Tabharfaidh cur i bhfeidhm na tuarascála seo mórfhorbairtí agus mórfheabhsuithe chun cinn ar Mhalartuithe Thuaidh/Theas agus ar obair chomhoibritheach sa dá dhlínse.

Chomh maith leis sin in 2008, lean an Roinn ar aghaidh ag tabhairt cómhaoiniú, i gcomhar le Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann, do raon tionscnamh comhoibritheacha lena n-áirítear na cláir seo a leanas: *European Schools, Dissolving Boundaries* agus *Civic Link.* Chomh maith leis sin bhí ardú suntasach ar an líon iomlán daoine óga a tuairiscíodh páirt a ghlacadh sna cláir chomhoibritheacha mhaoinithe mar thoradh ar an tacaíocht mhaoinithe a thug an Roinn do chlár *Fhéile Scannán Cinemagic* in 2008.

Leagann an tábla thíos amach an líon scoileanna, grúpaí ógra, mac léinn, múinteoirí/oiliúnóirí agus daoine óga a ghlac páirt i dtionscadail Thuaidh/Theas agus i gcláir a fuair maoiniú ón Roinn in 2008.

Líon Iomlán Scoileanna	784
Líon Iomlán Grúpaí Ógra	20
Líon Iomlán Múinteoirí/Oiliúnóirí	1,845
Líon Iomlán Mac Léinn	20,104
Líon Iomlán Daoine Óga	3,049

Cuireadh an Clár Malartaithe Gairmiúil Trasteorann i gcrích in 2008. Ba é aidhm an chláir ná cur leis na scileanna atá ag na múinteoirí cheana trí shaineolas agus taithí na múinteoirí ó Thuaidh agus ó Theas a roinnt. Scaipeadh ábhair a cruthaíodh mar chuid den tionscadal ar mhúinteoirí i scoileanna roghnaithe i gcontaetha ar an teorainn (ó Thuaidh agus ó Dheas). Tacaíonn na pacáistí le múinteoirí agus cuireann siad tuismitheoirí ar an eolas faoi chúrsaí a bhaineann le deacrachtaí Uathachais, Urlabhra agus Teanga agus faoi mhic léinn a dteastaíonn tacaíocht bhreise uathu ionas go mbeidh siad in ann dul i mbun oideachais.

Thionóil an Roinn agus/nó ghlac an Roinn páirt i roinnt comhdhálacha in 2008 i gcomhar le Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann, mar seo a leanas:

- In Aibreán 2008, reáchtáladh comhdháil ar *Neamhoird sa Speictream Uathach (ASDs)* i mBaile Átha Cliath. Bhí deis ag tuismitheoirí agus ag gairmithe éisteacht le cainteoirí a bhfuil cáil dhomhanda orthu agus iad ag tabhairt aghaidh ar ghnéithe d'oideachais uathachais, ar eolas a fháil ar shaincheisteanna cuí agus ar bhreithniú conas is fearr a d'fhéadfaí soláthar a dhéanamh do riachtanais oideachais speisialta na leanaí le huathachas.
- Ghlac an dá Roinn Oideachais páirt i *gComhdháil Scileanna Uile-Éireann i nDoire* agus i Leitir Ceanainn i nDeireadh Fómhair 2008. Áiríodh ar an gcomhdháil cuir i láthair ó cheannairí topaice náisiúnta agus idirnáisiúnta ceannródaíocha agus d'fhreastail lucht gnó, lucht tionchair beartais agus lucht déanta cinntí sinsireacha ar an gcomhdháil. Seoladh

Staidéar Scileanna Uile-Éireann ag an gcomhdháil, ag soláthar anailís chuimsitheach ar an éileamh atá ar scileanna ar fud na hÉireann.

- I Samhain 2008, chomheagraigh an dá Roinn comhdháil Thuaidh/Theas ar *"Ag Cur Gnóthachtáil in Uimhríocht Chun Cinn i mBunscoileanna"* sa Chabháin. Moladh roinnt príomhréimhsí do chomhoibriú a d'fhéadfadh a bheith ann idir an dá Roinn, lena n-áirítear comhdháil leantach a eagrú a dhíreodh ar ghnóthachtáil sa mhatamaitic i scoileanna iarbhunoideachais. Tá an Roinn ag breithniú ar na moltaí seo faoi láthair.
- Bhí an Roinn agus An Roinn Fostaíochta agus Foghlama, i dTuaisceart Éireann mar chomhóstaigh ar chomhdháil i Mullach Íde i Samhain 2008, a bhí dírithe ar thaithí na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe a roinnt agus feasacht a ardú ar an tábhacht a bhaineann le gluaiseacht mac léinn agus foirne faoi Phróiseas Bologna.

Beartas Oideachais Idirnáisiúnta

Cuireann an Roinn le cur chun cinn na hÉireann mar ionad d'oideachas idirnáisiúnta trí fhorbairt agus trí chomhordú beartais, trí thacaíocht a thabhairt do ghníomhaireachtaí Rannacha a rialaíonn agus a thacaíonn le hoideachas idirnáisiúnta in Éirinn, trí scoláireachtaí a bhronnadh ar mhic léinn céimithe idirnáisiúnta ar mian leo taighde a dhéanamh in Éirinn agus trí chuairteanna isteach agus amach na gceannairí oideachais agus na ndéantóirí cinntí a éascú.

Beartas Oideachais AE

Ag leibhéal an AE, bíonn ionadaíocht ag an Roinn ar an gCoiste Oideachais (grúpa oibre Chomhairle na hEorpa d'Airí Oideachais) a chuireann le forbairt an bheartais Eorpaigh ar Oideachas & Oiliúint. Tagann Airí na hEorpa le chéile trí nó ceithre huaire gach de ghnáth ag an gComhairle Oideachais.

I bhFeabhra 2008, ghlac na hAirí Oideachais, lena n-áirítear an tAire Stáit Sean Haughey le *'Príomhtheachtaireachtaí ar oideachas agus ar oiliúint'.* Ghlac Airí Oideachais le moladh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chomh maith maidir le Creat Oibre Cáilíochtaí Eorpach (EQF) a bhunú, a fheidhmeoidh mar eangach aistriúcháin do cháilíochtaí ar fud na hEorpa. Ghlac Parlaimint agus Comhairle na hEorpa leis sin an 23 Aibreán 2008.

Ag an gComhairle Oideachais i mBealtaine, ghlac Airí Oideachais le cur chuige ginearálta ar dhréachtchinneadh de chuid Pharlaimint agus Chomhairle na hEorpa, a d'fhógair go mbeadh 2009 mar Bhliain na Nuálaíochta agus na Cruthaitheachta. Chomh maith leis sin, ghlac Airí Oideachais ag Comhairle na Bealtaine le Tátail a spreag Ball-Stáit chun leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag cur i bhfeidhm straitéisí náisiúnta i réimse foghlama na n-aosach.

Bhí cur chun cinn an ilteangachais mar ghné de bheartas oiliúna agus oideachais an AE i rith 2008. Ghlac Airí Oideachais le *Tátail ar ilteangachas* ag an gComhairle i mBealtaine agus, ag leanúint ar aghaidh uathu sin, ghlac siad le *Réiteach ar straitéis Eorpach don ilteangachas* ag Comhairle na Samhna.

Ag Comhairle na Samhna, ghlac Airí Oideachais le Rún ar threoir níos fearr maidir le lánpháirtiú ar feadh an tsaoil i mbeartais foghlama ar feadh an tsaoil; Tátail ag tabhairt cuireadh do Bhallstáit deireadh a chur le bacainní ar shoghluaiseacht ógra; agus Tátail ar chomhoibriú Eoprach maidir le scoileanna.

Chruinnigh Airí Oideachais, lena n-aírítear an tAire Stáit Lenihan, le chéile go neamhfhoirmiúil i mBordeaux an 26 Samhain 2008 agus ghlac siad leis an Bordeaux Communiqué ar chomhoibriú Eorpach níos fearr in oiliúint agus i ngairmoideachas. Tá an Communiqué mar chuid de Phróiseas Chóbanhávan, a tionscnaíodh in 2002, maidir le feidhmíocht, cáilíocht agus tarraingteacht an ghairmoideachais agus na hoiliúna a fheabhsú. Tógadh é ar Thátail ar ghlac Airí Oideachais leo ag an gComhairle an 21 Samhain 2008.

Cláir Oiliúna agus Oideachais arna maoiniú ag an AE

Leanadh ar aghaidh ag riaradh Chlár Foghlama ar Feadh an tSaoil 2007-2013 lánpháirtithe a tháinig in áit oideachas scoile Socrates agus clár oiliúna agus gairmoideachais Leonardo daVinci in Éirinn agus lean An Roinn Oideachais agus Eolaíochta ag tacú leis an gclár sin.

Faoin gclár, soláthraíonn An Coimisiún Eorpach maoiniú do chomhpháirtithe agus do thionscnóirí tionscadal agus tairbhithe agus riarann na gníomhaireachtaí náisiúnta sna ballstáit an maoiniú seo i gcás gníomhartha díláraithe agus riarann an Coimisiún an maoiniú i gcás gníomhartha lárnaithe.

Leagann an tábla thíos amach an líon scoileanna, grúpaí ógra, mac léinn, múinteoirí/oiliúnóirí agus daoine óga a ghlac páirt i dtionscadail Thuaidh/Theas agus i gcláir a fuair maoiniú ón Roinn in 2008.

Clár	*An Líon Rannpháirtithe*
Ardoideachas Erasmus	2000 mac léinn agus múinteoir
Oiliúint agus Gairmoideachas Leonardo DaVinci	13 tionscadal – 516 rannpháirtí soghluaiseachta
Comenuis	62 tionscadal – 137 rannpháirtí soghluaiseachta
Grundtvig	13 tionscadal – 40 tionscadal soghluaiseachta
Cuairteanna Staidéir	35 Gairmí Oideachais agus Oiliúna

Idirnáisiúnta Níos Leithne

In 2008, thionscain an Roinn comhráite le roinnt comhpháirtithe i Meiriceá Theas, san Áise agus sa Mhurascaill, ar shocruithe oideachais nua chun creat oibre a sholáthar chun naisc oideachais idirnáisiúnta leis na tíortha sin a fhorbairt. D'éascaigh sí chomh maith roinnt cuairteanna isteach agus amach le príomhpháirtithe oideachais i réigiúin an Aigéin Chiúin agus na hÁise agus na Murascaille.

Ghlac an tAire páirt i misean mórthrádála chuig an tSín a chur go mór leis an bhforbairt bhreise ar chaidrimh oideachais déthaobhacha. Chomh maith le roinnt comhpháirtithe ag leibhéal institiúide a sheoladh, d'fhógair an dá Rialtas go gcruthófaí Comhghrúpa Oibre chun creat oibre a chur ar fáil chun naisc oideachais na hÉireann-na Síne a fheabhsú.

Cuid 05

Tacaíocht a thabhairt do Sheachadadh & Fócas a dhíriú ar Riachtanais ár gcuid Custaiméirí

5 Cuid a Cúig

Tacaíocht a thabhairt do Sheachadadh & Fócas a dhíriú ar Riachtanais ár gcuid Custaiméirí

Cumas an Eagrais

I 2008 thosaigh obair ar an bhforbairt agus pleanáil i dtaca leis an atheagrú oibre laistigh de Rannóg Scoileanna na Roinne, ó chur chuige de réir earnála go cur chuige de réir téamaí. Ba shin le cinntiú go nglacfaí le cur chuige níos comhordaithe do chuid mhóir de na téamaí coitianta ar fud bunscoileanna agus iarbhunscoileanna. Ba é an aidhm go bhforbrófaí bealach níos éifeachtaí leis an obair a eagrú go mbeadh sé níos éasca do scoileanna agus do dhaltaí nascleanúint agus cumarsáid a dhéanamh leis an Roinn. Go hinmheánach dhírigh sé an tsainoilteacht ar limistéar, a bhí i gcoiteann ag gach scoil, ar aon fhoireann amháin seachas trasna ar fhoirne. Chomh maith leis sin ceadóidh sé d'fhorbairt aonad ar leith a bhainfidh go príomha le riachtanais tuismitheoirí agus daltaí san earnáil scoile agus sa mhéid a chuireann siad leis. Fuair an tionscadal an tacaíocht agus comhoibriú iomlán de gach ball foirne agus táthar ag súil go bhféadfar na pleananna socraithe a chur i bhfeidhm go luath i rith na bliana 2009.

I rith na bliana 2008 lean obair ar aghaidh i dtaca le hathstruchtúrú ar Aonaid Tógála agus Pleanála na Roinne d'fhonn feabhas a chur ar sheachadadh agus ar phleanáil cóiríochta scoile na Roinne le freastal ar riachtanais amach anseo, go háirithe i bhfianaise fáis dhéimeagrafaigh tapa i limistéir áirithe na tíre le blianta beaga anuas. Beidh na structúir nua á n-athbhreithniú lena chinntiú go ndéanann siad freastal ar na riachtanais leanúnacha atá ag an Roinn agus a páirtithe leasmhara.

Seirbhísí Custaiméara

Clúdaíonn bonn custaiméirí na Roinne gach gné de shaol na hÉireann. Bíonn baint ag gach duine go díreach le hoideachas ag tráth éigin ina saol, cibé mar mhac léinn, tuismitheoir, múinteoir, fostaitheoir, fostaí nó mar bhall den phobal nó mar rannpháirtí ar chumann tuismitheoirí, ar bhoird bhainistíochta scoile nó ar bhoird rialaithe eile. Tá suim dhíreach ag gach uile ceann díobh sin i bhforbairt agus seachadadh seibhísí oideachais d'ardchaighdeán. Is cliantghrúpaí tábhachtacha iad an Rialtas, comhaltaí an Oireachtais, na comhpháirtithe sóisialta agus foireann na Roinne féin, mar chustaiméirí inmheánacha.

Tá an Roinn tiomanta do sheirbhísí ar ardchaighdeán a sheachadadh a fhreastalaíonn ar riachtanais ár gcustaiméirí, go háirithe foghlaimeoirí. Léirítear an tiomantas seo i Ráiteas Stráitéise na Roinne 2008-2010 agus tá sé mar bhonn agus mar thaca sna próisis bhainistíochta feidhmíochta sa Roinn, áit a n-aithnítear seirbhís do chustaiméirí mar lár-inniúlacht dár gcuid foirne. Déanaimid an tiomantas seo a threisiú inár gCairt Custaiméara. Táimid tiomanta freisin

dul i mbun cumarsáide lenár gcustaiméirí and seirbhísí a sheachadadh dóibh trí mheán na Gaeilge, i gcás gurb é a mian sin a bheith ann.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun tuairimí agus gearáin a láimhseáil ó chustaiméirí nach mbíonn sásta go raibh an tseirbhís a fuaireadar ar aon dul lenár dtiomántais seirbhíse d'ardchaighdéan nó le prionsabail cothromais agus dea-cleachtais riaracháin a bhfuil glactha go ginearálta leo. Is féidir bileog eolais do chustaiméirí i dtaca lenár gcaighdeáin agus nósanna imeachta, dár teideal *Information for Customers Comments and Complaints* a íoslódáil ón rannóg Seirbhísí do Chustaiméirí ó shuíomh gréasáin na Roinne. Moltar do chustaiméirí nach bhfuil sásta leis an toradh ar a gcuid gearán nó leis an mbealach a láimhseáladh é ag an Roinn an t-ábhar a leanúint níos faide le háisínteachtaí seachtracha ar nós Oifig an Ombudsman nó le Oifig an Ombudsman do Leanaí.

Rinneadh obair leasúcháin shuntasach bhainteach le huasghrádú freastalaithe i 2008 chun feidhmíocht shuíomh gréasáin na Roinne www.education.ie, a fheabhsú.

Dílárú

Chríochnaigh an Roinn an dílárú ar 88 post riaracháin go Baile Átha Luain i samhradh na bliana 2008. Is í an tosaíocht anois ná críoch a chur leis an dílárú de thart ar 296 post go dtí an Muileann gCearr chomh luath agus a bheidh cóiríocht curtha ar fáil. Fuarthas cead pleanála iomlán don fhorbairt seo in Iúil 2008. I Meitheamh 2008 d'úsáid an Roinn cóiríocht a bhí ar fáil ann cheana féin ina hOifig Réigiúnach sa Mhuileann gCearr chun rannán a bhí comhdhéanta de sheacht bpost a dhílárú ó Bhaile Átha Cliath go dtí an suíomh sin. Ag deireadh na bliana 2008 bhí 45% a bheag nó a mhór de phostanna beartaithe a chur chuig an Muileann gCearr ag oifigigh a shocraigh dílárú i dteannta na Roinne.

Tacaíocht a Thabhairt don Phróiseas Parlaiminte

Thug an tAire freagra ar 4,422 Ceist Pharlaiminte a chuir teachtaí i nDáil Éireann i 2008, 4,141 díobh i scríbhinn agus 281 ó bhéal ag an Aire le linn Thráth na gCeisteanna. Tá na ceisteanna agus na freagraí foilsithe agus ar fáil ar shuíomh gréasáin an Oireachtais. Fuarthas 153 iarratas breathnóireachta freisin maidir le Dréachtmheabhráin don Rialtas. Chomh maith leis sin fuair an tAire agus Airí Stáit breis is 11,500 uiríolla i rith 2008.

Saoráil Faisnéise (FOI)

Fuair an Roinn 502 iarratas nua i rith 2008. Astu siúd bhain 457 leis an Roinn agus bhain 45 ó cheart le comhlachtaí eile oideachais. As na 457 iarratas ó cheart don Roinn bhí 280 díobh Pearsanta, 171 Neamhphearsanta agus 6 measctha. Áiríonn na figiúirí seo iarratais ó iar-chónaitheoirí i leith na bhforas cónaithe atá luaite in áiteanna eile sa tuarascáil.

Chomhlíon an Roinn 75 iarratas saorála faisnéise ar fad, pháirtchomhlíon 194 iarratas agus diúltaíodh 189 iarratas i rith 2008. Chomh maith leis sin aistarraingíodh 35 iarratas agus déileáladh le 23 iarratas lasmuigh de réimse na saorála faisnéise.

Bainistíocht Airgeadais

Chomhlíon an Roinn a freagracht reachtúil ag teacht le forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas maidir le híocaíocht agus taifeadadh íocaíochta pras. Íocadh píonóis úis de réir ailt 4 an Achta i roinnt an-bheag cásanna i 2008 mar a léirítear thíos:

Ollchaiteachas iomlán vótáilte aschuir	*€9.295 billiún (míle milliún)*
Líon iomlán na n-íocaíochtaí malla ar a gearradh píonóis Úis Íocaíochta Pras (PPI)	90
Pionóis úis glan-íocaíochta pras (PPI) tabhaithe	€3,005.07

Tá nósanna imeachta iniúchta inmheánaigh agus bainistíochta riosca iomchuí i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar treoirlínte nósanna imeachta airgeadais poiblí, le reachtaíocht íocaíochta pras agus go bhfreastalófar ar cheanglais reachtúla. I rith na bliana d'eisigh Aonad Iniúchta Inmhéanaigh na Roinne ocht dtuarascáil iniúchta deiridh. Chuir sé obair ghéilliúntais agus leanta i gcrích freisin i dtaca le cur i ngníomh moltaí. Tionóladh ceithre chruinniú i rith na bliana 2008 de Choiste Iniúchta na Roinne ar a bhfuil ballraíocht de chúigear (lena n-áirítear triúr ball seachtrach, duine acu an cathaoirleach)

Ag cur le comhoibriú tras-rannacha

Tugann Ráiteas Straitéise na Roinne do 2008-2010 ar aird go bhfuil an ról atá ag oideachas mar thacaíocht do chuspóirí níos leithne bheartais an Rialtais an-suntasach agus go gclúdaíonn sé an réimse iomlán den chlár forbartha eacanamaíochta, uilechuimsitheacht shóisialta, caigheáin saoil agus saoránacht ghníomhach. Léirítear seo sna príomhchúraimí tras-ghearrtha ag gach ceann de na hAirí Stáit atá sannta chun na Roinne seo. Baineann maoirseacht agus ceannaireacht le gach ceann dá róil sin le comhordú a dhéanamh le Ranna eile chun cuspóirí mórbheartais an Rialtais a chur i gcrích ar mhaithe le:

- foghlaim ar feadh an tsaoil;
- imeascadh daoine nuathagtha go hÉirinn;
- forbairt oideachais luathóige;
- cur chun cinn nuálaíochta sa gheilleagar; agus
- idirphlé éifeachtach leis an earnáil sláinte chun socruithe éifeachtúla le haghaidh riachtanais oideachais speisialta agus Achtanna Míchumais agus stráitéisí a chur chun feidhme.

Áirítear idirphlé leis An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus le hÚdaráis Áitiúla i measc saincheisteanna trasrannacha suntasacha eile a phleanáil do sholáthar scoileanna nua chun freastal ar riachtanais phobal atá ag teacht chun cinn, ag cur straitéise Rialtais i ngníomh do sholáthar scileanna amach anseo agus ag forbairt ár gcumas taighde agus forbartha (i gcomhar leis An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus eile), ag cur chun cinn an chláir leathan shóisialta d'uilechuimsitheacht, lena n-áirítear feidhmiú na Straitéise Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta (le Roinn an Taoisigh agus daoine eile), ag forbairt beartas chun an Ghaeilge a chur chun cinn, ag cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta Frithdhrugaí, an clár RAPID (leis An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta), ag cur chun chinn bearta comhionnannais ar fud an chórais oideachais (le hidirchaidreamh leis An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus leis an Údarás Comhionannais) agus ag cur i bhfeidhm "Reach Out: The National Strategy for Suicide Prevention (i gcomhar leis An Roinn Sláinte agus Leanaí agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte).

Maidir leo sin agus le réimse saincheisteanna beartas eile lean oifigigh na Roinne de bheith páirteach i dteagmháil rialta le Ranna agus le gníomhaireachtaí eile ar bhonn déthaobhach agus trí structúir chomhordaitheacha fhoirmiúla ar nós coistí idir-rannacha, grúpaí oifigeach sinsearach agus fochoistí comh-aireachta i rith 2008. Sholáthair an Roinn uiríoll do réimse leathan aonán, ar nós Bhoird Forbartha Contae/Cathrach, Tascfhórsaí Drugaí, agus Coistí Cúraim Leanaí ag leibhéal áitiúil agus réigiúnach i rith na bliana.



Aguisíní A; B; agus C

Aguisín A

Cairt Eagair

Brigid McManus, Rúnaí Ginearálta

Peter Baldwin, Rúnaí Cúnta
- NEPS
- RIRU/Oideachas Speisialta
- Oideachas Speisialta

Pat Burke, Rúnaí Cúnta
- Caidrimh Foirne Seachtracha
- Acmhainní Daonna
- Oideachas Múinteora

Ruth Carmody, Rúnaí Cúnta
- Beartas Lárnach
- Beartas ICT (Scoileanna)
- Aonad IT
- Seirbhís na hOifige Réigiúnach
- An tAonad Staidrimh

Martin Hanevy, Rúnaí Cúnta
- Rannóg na Scoileanna
  - Riarachán Bunoideachais
  - Riarachán Iarbhunoideachais
  - Íocaíochtaí Bunoideachais

Kevin McCarthy, Rúnaí Cúnta
- Ardoideachas
  - Beartas & Scileanna
  - Taighde & Airgeadas
  - Chothromas Rochtana

Paddy McDonagh, Rúnaí Cúnta
- Breisoideachas
- Lánpháirtiú
- Idirnáisiúnta/Thuaidh Theas
- Beartas Cáilíochtaí, Curaclaim agus Measúnachta
- Ceartas Óige

Sean O'Foghlu, Rúnaí Cúnta
- Beartas Oideachais Luathóige
- Párolla
- Pinsin
- Iompar Scoile
- Uilechuimsitheacht Shóisialta

Frank Wyse, Rúnaí Cúnta
- Pleanáil agus Tógáil
- Comhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach

Eamonn Stack, Príomhchigire
- Cigireacht

Michael Keogh, Stiúrthóir
- Seirbhísí Corparáideacha
- Aonad Airgeadais
- Phlean Forbartha Náisiúnta
- Preas-Oifig

- Iniúchadh Inmheánach

Aguisín B

Gníomhaireachtaí faoi Choimirce na Roinne in 2008

An Chomhairle Chomhairleach do Scoileanna Mhúinte an Bhéarla	(ACELS)
An Chomhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta	(COGG)
An tIonad um Fhorbairt agus Oideachas Luathóige	(CECDE)
An Choimisiúin chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú	(CICA)
An Bord Airgeadais Oideachais	(EFB)
Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna	(FETAC)
Gaisce – Gradam an Uachtaráin	
Gníomhaireacht Forbartha Grangegorman	(GGDA)
Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna	(HETAC)
An tÚdarás um Ard-Oideachas	(HEA)
An Bord Oideachais Idirnáisiúnta - Éire	(IEBI)
Léargas – An Biúró Malartaithe	
An Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht in Éire	(NCTE)
An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas	(NCGE)
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	(NCCA)
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta	(NCSE)
An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais	(NEWB)
Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann	(NQAI)
An Bord um Shásamh i leith Foras Cónaithe	(RIRB)
An Coiste Athbhreithnithe i leith Foras Cónaithe	(RIRC)
An Coimisiún um Scrúduithe Stáit	(SEC)
An Chomhairle Mhúinteoireachta	

Aguisín C

Ábhar maidir le hAnailís ar Thionchar Rialála (RIA)

Bille um Thacaíocht Mac Léinn 2008

I gcomhthéacs an chothromais a chur chun cinn i dtaca le rochtain ar oideachas tríú leibhéal, go háirithe do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste agus do mhic léinn aibí, trí dhíriú feabhsaithe a dhéanamh ar thacaíocht do mhic léinn/tionscnaimh rochtana agus leis an gcuspóir córas tacaíochta do mhic léinn atá rialaithe níos fearr agus atá níos sruthlínithe a chruthú, níl aon roghanna rialála inmharthana ar reachtaíocht. Bhí comhairliúchán ann le geallsealbhóirí a thacaíonn leis an riachtanas atá ann riarachán na scéimeanna tacaíochta do mhic léinn a shruthlíniú. Ó tharla nár tháinig aon chostais nó tionchair bhreise chun cinn, níor moladh go ndéanfaí RIA iomlán. Rinneadh RIA scrúdaithe roimh bhreithniú Cheannmhíreanna an Bhille de chuid an Rialtais i mí Iúil 2006 agus cuireadh é leis an Meamram don Rialtas.

Ionstraim Reachtúil 139/08 – Rialacháin maidir le hAitheantas Frithpháirteach na gCáilíochtaí Gairmiúla (Treoir 2005/36/Ec), 2008

Tugadh isteach an Ionstraim Reachtúil seo chun Treoir an AE 2005/36 maidir le haitheantas frithpháirteach na gcáilíochtaí gairmiúla a thrasuí. Foilsíodh doiciméad scrúdaithe an RIA in 2008.

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Sráid Mhaoilbhríde, Baile átha Cliath 1
Teil: 01 889 6400 Web: www.education.ie
© Rialtas na hÉireann 2010
Saothar ealaíne le: Q Design/Print @ 01 4908201